

Tuarascáil ar chur i bhfeidhm
luath Staidéar Gnó agus
Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí

An Clár Ábhar

An Clár Ábhar	3
An Réamhrá	5
Comhthéacs	5
An Próiseas Comhairliúcháin	7
Struchtúr na tuarascála	8
Na torthaí a bhreithniú	9
Pleanáil don teagasc, foghlaim agus measúnú	11
Léargas Ginearálta ar an gCúrsa	11
Rannpháirtíocht 200 uair an scoláire	13
Leibhéal comónta	13
Pleanáil ag úsáid na dTorthaí Foghlama	14
Torthaí Foghlama	14
Am chun tabhairt faoin bpleanáil chomhoibríoch	16
Príomhscileanna	17
Measúnú foirmitheach	17
Ailíniú leis an scrúdú deiridh	18
An measúnú i Staidéar Gnó agus Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí	19
Measúnuithe Rangbhunaithe	20
Measúnú Rangbhunaithe a hAon	24
Staidéar Gnó	24
Eolaíocht	25
Measúnú Rangbhunaithe a Dó	27
Staidéar Gnó	27
Eolaíocht	28
Samplaí de Shaothar an Scoláire	30

Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)	33
Tasc Measúnaithe	36
An Scrúdú Deiridh	38
Tuairisciú	40
Réimsí eile plé	44
An t-aistriú chuig an tsraith shinsearach	44
Tacaíochtaí i nGaeilge	45
Clár Scoile na Sraithe Sóisearaí	45
Cumarsáid le tuismitheoirí	46
Na chéad chéimeanna eile	47
Aiseolas a bhaineann le sonraíochtaí Staidéar Gnó agus Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí	47
Aiseolas a bhaineann leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015).	48
Am gairmiúil	48
Tacaíochtaí do thuismitheoirí	49
Measúnú Rangbhunaithe	49
An Tasc Measúnaithe	51
Cruinnithe AFMÁ	51
An Scrúdú Deiridh	51
Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí	51
Aguisín a hAon	52
Aguisín a Dó	53
Aguisín a trí	57
Aguisín a Ceathair	63

An Réamhrá

I gcomhréir leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015), tugadh sonraíocht nua ábhair isteach le haghaidh Eolaíocht agus Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí i Meán Fómhair 2016 mar chuid de Chéim 2 de thabhairt isteach na sonraíochtaí nua ábhair. Thug an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) faoi athbhreithniú ar an léargas luath idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2019 chun aiseolas a bhailiú agus chun na nithe seo a leanas a mheas agus a fhiosrú:

- an chaoi a bhfuil ag éirí leis na sonraíochtaí an fhoghlaim lena bhfuiltear ag súil sna hábhair sin agus sa Chreat don tSraith Shóisearach go ginearálta a chur chun cinn
- gnéithe measúnaithe de na hábhair agus tuairimí na scoláirí agus na múinteoirí orthu
- conas a úsáideann múinteoirí breithiúnas gairmiúil d'fhonn an tsonraíocht nua a stiúradh sna scoileanna agus sna seomraí ranga.

Beidh an tuarascáil seo, mar aon leis na hathbhreithnithe a rinneadh ar chur i bhfeidhm luath Bhéarla na Sraithe Sóisearaí (Céim 1), mar bhonn eolais faoi staidéar ilchodach ilghnéitheach a dhéanfar ar thionchar na n-athruithe a cuireadh i bhfeidhm mar thoradh ar thabhairt isteach an Chreata don tSraith Shóisearach; táthar ag súil le tús a chur leis an staidéar sin in 2020.


Comhthéacs

Tá sé tábhachtach go mbeifear eolach faoi thrí thosca chomhthéacsúla a bhfuil tionchar acu ar an athbhreithniú seo nuair atá an t-aiseolas a leagtar amach sa tuarascáil seo á bhreithniú, is iad sin:

- An comhthéacs inar forbraíodh na sonraíochtaí agus inar cuireadh iad i bhfeidhm
- Próifíl na múinteoirí a theagascann an Staidéar Gnó agus an Eolaíocht
- An bhéim speisialtóireachta i réimsí difriúla laistigh den dá ábhar seo atá mar chuid d'oidreachas na sraithe sóisearaí.


Cuireadh tús le forbairt na sonraíochtaí nua le haghaidh Staidéar Gnó agus Eolaíochta in 2013 i gcomhréir leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2012). Leagadh amach socruithe nua measúnaithe le haghaidh ábhar sa Chreat níos luaithe seo, agus cinneadh go n-athrófaí an measúnú, lena n-áirítear na scrúduithe deiridh, le himeacht aimsire ó mheasúnuithe seachtracha chuig measúnuithe inmheánacha a riarfaidh agus a mharcálfaidh na scoileanna. Rinneadh athbhreithniú ar an gcur chuige sin ansin nuair a foilsíodh an Creat don tSraith Shóisearach (2015) inar cuireadh an fhreagracht as forbairt, riar, marcáil agus tuairisciú na measúnuithe deiridh ar Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Cuireadh cuid mhór athruithe ar bun san oideachas iar-bhunscoile in Éirinn sa bhliain 2016 nuair a tugadh na sonraíochtaí nua le haghaidh Staidéar Gnó agus Eolaíocht na sraithe sóisearaí isteach i scoileanna, tráth a raibh aighneas fada thionsclaíoch ar siúl. Aontaíodh ar fud an chórais faoin tábhacht a bhaineann le deimhniú na n-acmhainní a theastaíonn chun an t-athchóiriú curaclaim a chur i bhfeidhm, agus aithníodh soláthar tráthúil forbartha gairmiúla leanúnaí mar thosca fabhrach chun tacú le múinteoirí agus le scoileanna an t-athrú iomlán a bhaineann leis a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, cuireadh moill leis an rannpháirtíocht i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) i roinnt scoileanna mar thoradh ar an aighneas caidrimh thionsclaíoch. Ní dheachaigh sciar suntasach múinteoirí i ngleic le FGL dtí earrach 2017 dá bharr. Ba mhoill suntasach í seo; léirítear i bhFíor 1 thíos gur cuireadh tús le FLG chun tacú le tabhairt isteach na sonraíochtaí cheana féin i scoilbhliain 2015–2016. Níl aon dabht gur chuir an rannpháirtíocht dhéanach sin isteach ar chur i bhfeidhm na sonraíochtaí i roinnt scoileanna.



Fíor 1: Forbhreathnú ar fhorbairt na sonraíochta agus an amlíne dá cur i bhfeidhm

Sonraítear forbhreathnú ar dhul chun cinn ábhair na sraithe sóisearaí i bhFíor 2 thíos. Bíonn rogha ag an scoláire tar éis Staidéar Gnó na sraithe sóisearaí a chur i gcrích staidéar a dhéanamh ar Staidéar Gnó, Cuntasaíocht nó Eacnamaíocht na sraithe sinsearaí, nó meascán de na hábhair sin, ag brath ar sholáthar na n-ábhar sin sa scoil. Bíonn raon roghanna comhchosúla don scoláire maidir le speisialtóireacht san Eolaíocht freisin: is roghanna iad an Fhísic, an Cheimic, an Bhitheolaíocht, an Eolaíocht Talmhaíochta, agus an Fhísic/Cheimic le haghaidh tuilleadh staidéir, ach bíonn na roghanna sin ag brath ar sholáthar sa scoil freisin. Tugtar le fios san aiseolas a fuarthas mar chuid den athbhreithniú seo go bhfuil claontacht ag múinteoirí Eolaíochta agus Staidéar Gnó araon breathnú ar an tsonraíocht nua i bhfianaise pé ábhar a theagascann siad don tsraith shinsearach.



Fíor 2: Forbheathnú ar dhul chun cinn ábhair na sraithe sóisearaí chuig réimse/réimsí speisialtóireachta


An Próiseas Comhairliúcháin

Tugadh faoin athbheithniú idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2019, i gcomhréir le formáid a aontaíodh leis an gComhairle agus leis an mBord don tSraith Shóisearach. Úsáideadh modhanna measctha chun sonraí a bhailiú:

- grúpaí fócais de mhúinteoirí i sampla de shé scoil (39 rannpháirtí)¹
- grúpaí fócais le scoláirí i raon cohórt sna sé scoil (163 rannpháirtí)
- trí imeacht chomhairliúcháin do mhúinteoirí² i gCorcaigh, i nGaillimh agus i mBaile Átha Cliath (110 rannpháirtí)
- ceistneoir ar líne (27 aighneacht)
- aighneachtaí i scríbhinn
 - Cumann Mhúinteoirí Staidéar Gnó na hÉireann (BSTAI)
 - Cumann Múinteoirí Eolaíochta na hÉireann (ISTA)
 - Foireann Staidéar Gnó agus Foireann Eolaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí
 - Cigirí Staidéar Gnó agus Eolaíochta ón Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS).

¹ Féach Aguisín a hAon chun tuilleadh sonraí a fháil

² Féach Aguisín a Dó chun an teimpléad a úsáideadh chun tacú leis na comhráite sin a fháil



Fíor 3: Forbhreathnú ar an bpróiseas comhairliúcháin

Struchtúr na tuarascála

Tá léargas ar an taithí a fhaightear i Staidéar Gnó agus Eolaíocht na sraithe sóisearaí le fáil sa tuarascáil seo, agus cuirtear an léargas sin in iúl de réir na gceithre phríomhthéama a shonraítear sa tábla thíos. Faigheann an scoláire agus an múinteoir cleachtadh ar na gnéithe seo den tsraith shóisearach ar bhealach comhtháite. Dá bhrí sin, beidh gnéithe coiteanna idir na codanna le sonrú sa tuarascáil seo. Fiosraítear aiseolas sa tuarascáil mar aon le plé foriomlán ar chur i bhfeidhm chéim 2 den tsraith shóisearach, agus cuirtear aiseolas breise a bhaineann le hábhar áirithe in iúl freisin nuair is ábhartha. Scríobhtar sleachta athfhriotail ó rannpháirtithe agus ó pháirtithe leasmhara i gcló iodálach ar fud na tuarascála – aistríodh na hathfhriotail go Gaeilge nuair ab gá.

Pleanáil don teagasc, foghlaim agus measúnú	Forbhreathnú ar an gcúrsa, ag oibriú leis na Torthaí Foghlama, lena n-áirítear léargas ar mheasúnú foirmitheach, forbairt na bpríomhscileanna agus pleanáil chomhoibríoch
Measúnú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí	Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna) Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ), agus léargas ar úsáid samplaí d’obair an scoláire An Tasc Measúnaithe An scrúdú deiridh
Tuairisciú	Tuairisciú leanúnach agus Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

Réimsí eile plé	Ailíniú leis an tsraith shinsearach, dul chun cinn i dtreo ábhair na sraithe sinsearaí, ráitis Chlár Scoile na Sraithe Sóisearaí, dúshlán a bhaineann le feasacht tuismitheoirí agus tuiscint ar an gCreat don tSraith Shóisearach (2015)
------------------------	---

Fíor 4: Struchtúr na tuarascála

Cuirtear léargas ginearálta ar aidhm na sonraíochtaí do Staidéar Gnó agus Eolaíocht, mar aon le hachóimre ar an measúnú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) sa dá ábhar, ar fáil in Aguisín a Ceathair den tuarascáil seo.

Na torthaí a bhreithníú

Rinne CNCM torthaí na tuarascála a bhreithníú i dtéarmaí na n-impleachtaí féideartha ar obair CNCM agus ar obair páirtithe leasmhara eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar chur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach. Moltar na céad chéimeanna eile chun dul i ngleic leis na himpleachtaí a thagann chun cinn mar thoradh ar an tuarascáil seo ar léargas luath sa chuid deiridh den cháipéis seo.

Ba mhian le CNCM buíochas a ghabháil le gach ceann de na scoileanna a d'éascaigh na cuairteanna scoile a rinneadh mar chuid den athbhreithniú, leis na múinteoirí a ghlac páirt san imeachtaí comhairliúchán agus sna grúpaí fócais, agus leo siúd uile a chuir an t-am ar leataobh chun aighneacht scríofa a dhéanamh nó tuairisc a chur isteach. Anuas air sin, ba mhaith le CNCM buíochas a ghabháil le BSTAI, ISTA, an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, agus leis na comhpháirtithe oideachais ar fad a tharraing aird ar an athbhreithniú agus a d'iarr ar dhaoine a bheith rannpháirteach ann ag imeachtaí forbartha gairmiúla leanúnaí agus ar ardáin ar líne lena n-áirítear liostaí seachadta agus na meáin shóisialta.

Pleanáil don teagasc, foghlaim agus measúnú

Breathnófar ar fhorbhreathnú ar an aiseolas a bailíodh ar an dá shonraíocht sa chuid seo agus fiosrófar na bealaí ar úsáid múinteoirí na torthaí foghlama sna sonraíochta chun pleanáil a dhéanamh don teagasc, foghlaim agus measúnú.

Léargas Ginearálta ar an gCúrsa

D'fháiltigh rannpháirtithe an athbhreithnithe go forleathan roimh an tsolúbthacht atá ann sa tsonraíocht don Staidéar Gnó agus don Eolaíocht. Chuir múinteoirí fáilte roimh dheiseanna chun *beocht a chur faoin bhfoghlaim sa seomra ranga* agus roimh an deis a chuirtear ar fáil sna torthaí foghlama *taithí ábhartha agus tharraingteach a chur ar fáil* dá scoláirí. Shíl scoláirí go bhfuil luach le hábharthacht a bhfoghlama sna hábhair seo agus thuairiscigh siad gur bhain siad taitneamh as a bheith ag foghlaim faoi ghnéithe den Staidéar Gnó agus den Eolaíocht *a bhaineann lena saol laethúil féin*.

Freastalaíonn an cúrsa ar scoláirí a bhfuil spéiseanna éagsúla acu – is gné mhaith í seo dár scoláirí agus tá feabhas le feiceáil iontu dá bharr – bíonn sé níos suimiúla do scoláirí.

Aiseolas múinteora ó ghrúpa fócais

Is maith liom rudaí a fhoghlaim nuair atá ciall leo. Amhail rudaí atá ábhartha do do thodhchaí, cuir i gcás a bheith i d'fhiontraí agus conas do ghnó féin a thosú, cad a bhaineann leis agus rudaí eile. Sílim go mbeidh sé sin úsáideach dom amach anseo.

Aiseolas scoláire ó chuairt ar scoil

Is maith liom na turgnaimh mar cuidíonn sé liom an Eolaíocht a fheiceáil i ngníomh díreach os comhair mo dhá shúil féin, agus fiú mura n-oibríonn an turgnamh i gceart, tá rud éigin fós á fhoghlaim agam. Tá an taighde go maith freisin - d'fhoghlaim mé go leor rudaí faoinár ngrianchóras nach raibh ar eolas agam roimhe sin

Aiseolas scoláire ó chuairt ar scoil

D'fháiltigh múinteoirí an Staidéir Gnó roimh an mbéim mhéadaithe dar leo ar *chur i bhfeidhm an eolais agus anailís*. Thug siad le fios go raibh béim ní ba mhó ar an scoláire a bheith ag cur an t-eolas a fuair sé ar an ábhar i bhfeidhm, agus shíl neart múinteoirí go gcruthaíonn sé sin feacht níos fairsinge i measc na scoláirí ar ábharthacht an ábhair ina saol laethúil agus go dtacaíonn sé le tuiscint níos doimhne ar na bealaí a bhfuil gaol idir an fhoghlaim a dhéantar sna trí snáithe den tsonraíocht.

Bhí tuairimí éagsúla ann i measc múinteoirí Staidéar Gnó faoin mbéim mhéadaithe a chuirtear ar eacnamaíocht sa tsonraíocht nua. Chuir neart múinteoirí fáilte roimh an *deis mhéadaithe* a chuirtear ar fáil don scoláire chun *a thuiscint ar an tionchar a bhíonn ag an ngeilleagar ar ghnóthaí agus ar an airgeadas a fhorbairt* leis an snáithe *Ár nGeilleagar* a cuireadh leis an tsonraíocht. Labhair siad go dearfach faoin *mbéim níos anailísí* atá le feiceáil sna torthaí foghlama don mhír chuntasaíochta, mheas siad go dtugann sé sin léargas níos fearr don scoláire ar an tábhacht a bhaineann le *bainistíocht airgeadais atá stuama agus eiticiúil*. Shíl daoine eile gur *íosghrádaíodh an chuntasaíocht* chun spás a chruthú don snáithe seo agus b'údar imní é sin dóibh. Fillimid ar an bpointe sin níos déanaí sa tuarascáil. Chuir cigireachtaí Staidéar Gnó ROS fáilte roimh an mbéim a chuirtear ar inbhuanaitheacht agus an fhorbairt inbhuanaithe sa tsonraíocht san aighneacht a chuir siad isteach agus bhí sé sin le feiceáil arís nuair a d'fháiltigh múinteoirí roimh ábharthacht na foghlama do shaol an scoláire.

Ar cheann de na láidreachtaí a bhaineann leis an tsonraíocht do Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí tá na torthaí foghlama atá chomh seasmhach i leith na todhchaí agus is féidir Déantar rannpháirtíocht scoláire le téamaí tábhachta agus reatha san oideachas agus sa tsochaí, amhail inbhuanaitheacht agus cruthaitheacht, a éascú, agus tá siad le feiceáil go ríshoiléir síos tríd an tsonraíocht don Staidéar Gnó. Táimid ag fáil aiseolas an-mhaith san obair a dhéanaimid le scoileanna maidir leis an tsonraíocht agus tá múinteoirí dearfach fúithi go dtí seo.

Tuairisc scríofa ón gCigireacht

Maidir le hEolaíocht, rinneadh neart plé ar an snáithe aontaitheach *Nádúr na hEolaíochta* agus an snáithe *An Domhan agus Spás*. Cuireadh fáilte go forleathan roimh an snáithe aontaitheach ina ndírítear ar an bhfiosrúchán eolaíochta agus atá mar bhonn eolais faoin bhfoghlaim sna snáitheanna eile. Chuir neart múinteoirí fáilte roimh an deis chun *scileanna taighde agus fiosrúcháin* a fhorbairt agus roimh an mbéim a chuirtear ar *etic agus oiriúnacht foinsí*, cé go ndúirt grúpa beag múinteoirí go raibh na scileanna sin *ródheacair le haghaidh scoláirí sa tsraith shóisearach* agus gur cheart go *bhfanfaidís chun dul i ngleic leis an bhfoghlaim sin sa tríú leibhéal*.

Chuir múinteoirí eolaíochta dearcthaí éagsúla in iúl maidir le tabhairt isteach an tsnáithe *An Domhan agus Spás*. Is cosúil go mbaineann an imní faoi thabhairt isteach an réimse foghlama nua seo le muinín na múinteoirí. Dúirt roinnt múinteoirí go raibh siad *faiteach* nach ndearna siad staidéar ar an ábhar sin san ollscoil, agus chuir saineolaithe Fisice an luach ba mhó ar an réimse foghlama seo agus thuairiscigh siad go raibh siad ag súil go mór leis an ábhar *nua spreagthach ó réimse eolaíochta atá á fhorbairt* a theagasc do scoláirí na sraithe sóisearaí. Cuireadh in iúl san aiseolas a fuarthas gur méadaíodh muinín na múinteoirí de réir mar a chuaigh siad i ngleic leis an ábhar agus mhol siad an Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach ar an réimse seo den chuid ba mhó. Bhí líon beag múinteoirí a dhíríonn ar an mbitheolaíocht don tsraith shinsearach inmíoch faoin ábhar a baineadh ón snáithe *Bitheolaíocht*

an Domhain agus cheistigh siad *an chiall* a bhaineann leis an ábhar seo a chur san áireamh chun aimhleasa *ábhar tábhachtach amhail cnámha an choirp*. Thuairiscigh scoláirí gur bhain siad taitneamh as a bheith ag foghlaim faoin spás agus shíl siad go raibh sé spreagthach agus ábhartha.

Rannpháirtíocht 200 uair an scoláire

Dearadh an dá shonraíocht ionas go mbeidh 200 uair an chloig rannpháirtíochta/teagmhála ranga ar a laghad ag an scoláire; tuairiscíodh roinnt cur chuige éagsúil do shocrú amchláir agus ba é an socrú ba choitianta a tuairiscíodh san athbhreithniú seo meascán de ranganna a mhair uair an chloig agus daichead nó daichead is a cúig nóiméad. Chuir neart múinteoirí imní in iúl faoi leithdháileadh an 200 uair an chloig mar breathnaíonn siad air mar laghdú san am teagmhála dá n-ábhair agus thuairiscigh siad go raibh sé an-deacair *an cúrsa iomlán a chur i gcrích*. Labhair roinnt múinteoirí faoin mbealach ar dhírigh siad ar eolas gnásúil, scileanna fiosrúcháin agus cumarsáide an scoláire a fheabhsú trí thorthaí foghlama na snáitheanna comhthéacsúla de réir a chéile in imeacht na dtrí bliana. Bhí seans ní ba lú go gcuirfeadh na múinteoirí sin imní in iúl faoin leithdháileadh ama.

Leibhéal comónta

Cuirtear Staidéar Gnó agus an Eolaíocht ar fáil ar Leibhéal Comónta sa tsraith shóisearach nua. Chuir múinteoirí tuairimí éagsúla in iúl faoi sin; thug roinnt múinteoirí le fios nach bhfreastalaíonn sé ar riachtanais na scoláirí níos cumasaí, agus thuairiscigh siad go raibh sé níos deacra dúshlán cuí a chur roimh na scoláirí uile.

Is deacair dúinn inár roinn a dhéanamh amach cad ar cheart dúinn a dhíriú air ag leibhéal comónta. Cuir i gcás – cén leibhéal doimhneachta atá de dhíth. Éiríonn sé níos deacra ansin dúshlán a chur roimh na scoláirí uile ag an leibhéal cuí agus a chinntiú go spreagtar iad uile dá bharr

Aiseolas múinteora ó ghrúpa fócais

Chuir daoine eile fáilte roimh an aistriú chuig leibhéal comónta, shíl siad go bhfuil sé níos ionchuimsithí do scoláirí. Thuairiscigh roinnt daoine go raibh na sonraíochtaí níos inrochtana do scoláirí ag gach leibhéal inniúlachta mar gheall ar na deiseanna laistigh de na Torthaí Foghlama chun an fhoghlaim a nascadh le spéiseanna an scoláire, an comhthéacs áitiúil agus saincheisteanna tráthúla.

Creidim go gcruthaíonn an tsonraíocht seo níos mó ionchuimsithe do dhaltáí mar ní scairtear iad de réir ardleibhéil agus gnáthleibhéil agus molaim an cinneadh sin. Shíl mé i gcónaí gurbh é rang tríú bliain ina raibh scoláirí ardleibhéil agus gnáthleibhéil an rang ba dheacra ó thaobh an teagaisc de faoin seansiollabas. Ceadaítear níos mó píarfhoghlama agus idirghníomhaíochta scoláire sa tsonraíocht seo.

Aighneacht scríofa ó mhúinteoir

Pleanáil ag úsáid na dTorthaí Foghlama

Torthaí Foghlama

Cuirtear an fhoghlaim don scoláire in iúl mar Thorthaí Foghlama sa dá shonraíocht. Sonraíonn siad seo an t-eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna ba cheart do scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh tréimhse foghlama. Tharraing múinteoirí aird ar bhuanna agus dúshláin a bhaineann le bheith ag oibriú leis na torthaí foghlama ar fud an athbhreithnithe.

Maidir le buanna, mar a luadh cheana, chuir na múinteoirí fáilte roimh an nuashonrú sa dá ábhar, rud a chiallaíonn go bhfuil siad níos fiúntaí agus níos ábhartha do shaol an scoláire. Labhair siad faoi na deiseanna le haghaidh foghlaim *shaibhir* agus *ábhartha* agus tharraing siad aird ar an tionchar dearfach a bhíonn ag pleanáil chomhoibríoch agus *a bheith ag oibriú le chéile mar roinn ábhair* chun tabhairt faoin bpleanáil don teagasc, foghlaim agus measúnú ag úsáid na dtorthaí foghlama. Thuairiscigh seirbhís tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí breathnóireachtaí comhchosúla nuair a rinne siad machnamh ar a dtaithe le múinteoirí.

Chonaiceamar go leor dearcthaí éagsúla maidir le luach na dtorthaí foghlama agus iad ag teacht chun cinn le cúig bliana anuas. Bhain múinteoirí agus ranna ábhair a d'oibrigh go comhoibríoch le chéile chun a dtuiscint ar na torthaí foghlama a fhorbairt tairbhe as an bpróiseas sin a bheith ag oibriú mar ghairmithe le chéile. Feiceann na múinteoirí sin an fhéidearthacht a bhaineann leis an tsonraíocht chun tacú leo taithe foghlama atá saibhir agus ábhartha dá ngrúpaí scoláirí a chur ar fáil.

Seirbhís Tacaíochta

na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí

Thug múinteoirí tuilleadh sonraí faoi na dúshláin a bhí acu ag dul i dtaithe ar an bpleanáil le haghaidh teagasc agus foghlama ag úsáid na dtorthaí foghlama. Ba é an deacracht ba mhó a chuir múinteoirí ar fud an athbhreithnithe in iúl an nádúr *oscailte* a bhaineann leis na torthaí foghlama sa dá shonraíocht. Tharraing múinteoirí Staidéar Gnó agus Eolaíochta aird ar thorthaí foghlama sonracha a shíl siad a raibh dúshlánach dóibh nuair a bhí siad ag pleanáil don teagasc, measúnú agus foghlaim, agus dúirt siad go gcuirfidís fáilte roimh shoiléiriú ar na torthaí foghlama sonracha sin.

Bhí mé an-sásta ag úsáid na dtorthaí foghlama chun ceachtanna a phleanáil agus a sheachadadh ach is cosúil go bhfuil tuairimí difriúla ann maidir le cad is rún foghlama ann sa chóras níos leithne agus d'fhéadfadh sé a bheith deacair a bheith cinnte má tá tú i gceart i dtéarmaí na rudaí a chuireann tú i láthair do scoláirí mar rúin foghlama.

Aighneacht scríofa ó mhúinteoir

Ba mhinic a labhair múinteoirí faoin easpa muiníne a bhí acu an t-eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna a shainaitheint laistigh de na torthaí foghlama agus cinntí a dhéanamh faoin bhfoghlaim ar cheart díriú uirthi, agus bhí siad buartha nach mbeadh dóthain ullmhúcháin déanta ag a scoláirí don scrúdú seachtrach deiridh ag deiridh an tríú bliain.

Bhí neart dúshlán ag ár roinn ábhair ag úsáid na dtorthaí foghlama chun tabhairt faoin bpleanáil mar níl dóthain sonraí ann. Ba mhinic nach rabhamar cinnte faoi dhoimhneacht an ábhair a chaithfear a chumhdach don chuid ba mhó de na Torthaí Foghlama. Anuas air sin, bíonn sé níos deacra na measúnuithe comónta a phleanáil inár scoil mar thoradh ar na torthaí foghlama, mar cumhdaíonn gach múinteoir gach ábhar go leibhéal doimhneachta ar leith agus teastaíonn measúnú difriúil ó gach múinteoir dá rang dá bharr.

Aighneacht scríofa ó mhúinteoir

Thug Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí an dúshlán seo le fios freisin

Tá inní ar roinnt [múinteoirí] nach gcumhdaíonn siad dóthain sonraí nuair a théann siad i ngleic leis na Torthaí Foghlama, bíonn a fhios acu ‘cén áit ónar cheart a thosú’ ach ‘ní an pointe críochnaithe’

Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí

Chuir múinteoirí Eolaíochta inní shonrach in iúl faoi na bealaí difriúla ar féidir na torthaí foghlama a léirmhíniú agus a theagasc sa seomra ranga agus bhí siad faiteach go bhféadfadh go mbeadh neamhionannas sa chóras agus i scoileanna mar thoradh ar na difríochtaí sin sa léirmhíniú agus sa teagasc. Mhol roinnt rannpháirtithe san athbhreithniú seo go raibh múinteoirí eolaíochta ag planáil don fhoghlaim i dtéarmaí a sainábhair féin ag leibhéal na hArdteistiméireachta nuair a bhí siad ag planáil don fhoghlaim seachas aois agus céim oiriúnach foghlama a chur san áireamh

Bíonn sé ag brath ar an múinteoir atá agat agus má bheartaíonn siad rud a theagasc nó gan an rud sin a theagasc. Bíonn cuir chuige dhifriúla againn uile ar cad ar cheart dúinn a theagasc. Nuair a fhaigheann tú do rang sa 5ú bliain, tá siad tar éis teacht ó mhúinteoirí éagsúla agus ní féidir a bheith cinnte ann gur chlúdaigh siad an t-ábhar céanna

Aiseolas múinteora ó ghrúpa fócais

I measc na n-údar buartha a tugadh le fios san aighneacht ó fhoireann na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí dúradh go rabhtas ag brath an iomarca ar théacsleabhair agus an *brú ama a bhaineann le dul i ngleic le planáil don teagasc, foghlaim agus measúnú ar bhonn leanúnach.*

Leanann [roinnt múinteoirí] ar aghaidh ag úsáid na téacsleabhair mar a bpríomhuirlis planála.Tá easpa muiníne gairmiúla acu agus cé go dtéann siad i ngleic leis na torthaí foghlama, ‘tugann siad faoi gach rud sa leabhar freisin’ agus síleann na múinteoirí sin go bhfuil sé an-deacair dul i ngleic leis an tsonraíocht sa chuóta ama 200 uair an chloig a ghabhann léi.

Ba ghné den aiseolas a fuarthas ó mhúinteoirí Staidéar Gnó a ghlac páirt san athbhreithniú go raibh múinteoirí ag pleanáil i dtéarmaí an ábhair a theagascann siad ag leibhéal na sraithe sinsearaí, agus bhí múinteoirí Cuntasaíochta imníoch nár clúdaíodh dóthain do scoláirí sa tsonraíocht agus nach mbeadh siad ullmhaithe do Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta.

Rinneadh tagairt san aighneacht a fuarthas ó chigireachtaí Staidéar Gnó ROS dá dtaithe ar na sonraíochtaí nuair a rinne siad cigireacht ar theagasc, foghlaim agus measúnú. I measc na mbreathnóireachtaí a sonraíodh bhí múinteoirí ag breathnú ar thorthaí foghlama na sonraíochta mar *chaibidlí* éagsúla agus nach raibh siad ag oibriú go díreach leis na torthaí foghlama ar son cúiseanna pleanála *ar bhealach comhtháite sna snáithe éagsúla*. De réir a mbreathnóireachtaí, mhol siad gur chuir an ghné seo le dearcadh na múinteoirí go bhfuil an cúrsa rófhada. Cuireadh imní in iúl faoin bpleanáil thar na snáitheanna sa tuairisc ón gCigireacht freisin. Cé nach raibh go leor samplaí go raibh sé sin ag tarlúint sna cigireachtaí a rinne siad go dtí seo, thug siad le fios go bhfuil siad ag súil go n-éireoidh múinteoirí *níos compordaí leis an bpleanáil thar na snáitheanna de réir mar a théann siad i dtaithe ar an tsonraíocht*.

Am chun tabhairt faoin bpleanáil chomhoibríoch

Chuir na múinteoirí a ghlac páirt san athbhreithniú fáilte roimh na deiseanna chun comhoibriú mar chuid de chur i bhfeidhm na sraithe sóisearaí nua agus tharraing siad aird ar an mbealach ar thacaigh an t-athchóiriú le béim níos láidre a chur ar an bplé faoi theagasc, measúnú, foghlaim agus cleachtas machnamhach.

Tá an pleanáil níos fearr anois mar roinnimid níos mó agus bímid ag labhairt níos mó faoi gach a ndéanaimid inár ranganna seachas rudaí a bhreacadh síos ar pháir agus torthaí a chur i gcomparáid leis an meán náisiúnta. Tá sé sin níos fearr i mo thuairim féin, agus níos úsáidí freisin san fhadtárma.

Aiseolas múinteora ó chuairt ar scoil

Cé gur aithin an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) go bhfuil luach le pleanáil chomhoibríoch trí am proifisiúnta a chur ar fáil do mhúinteoirí, mhol neart múinteoirí a ghlac páirt san athbhreithniú seo go dteastaíonn níos mó ama.

Ní leor an 40 nóiméad a leithdháiltear don phleanáil in aghaidh na seachtaine, níl sé dóthanach ar chor ar bith, ní thuigeann na ‘cumhachtaí móra’ an méid oibre a bhaineann leis, acmhainní nua a aimsiú agus a chruthú, taighde ar chúlra a dhéanamh chun tuiscint níos fearr a fháil ar na hábhair nua ar an siollabas srl... Ba cheart an tAM seo a choinneáil GO CINNTE do gach múinteoir amach anseo agus é a mhéadú chuig 80 nóiméad in aghaidh na seachtaine ar a laghad, tá an obair seo

leanúnach agus teastóidh sé amach anseo leis na héilimh ollmhóra a bheidh ar an múinteoir siollabas ardchaighdeán a sheachadadh

Aighneacht scríofa ó mhúinteoir

Thuairiscigh roinnt múinteoirí go raibh sé deacair am a aimsiú le casadh le chéile a d'fheil do gach múinteoir sa roinn ábhair. Thuairiscigh múinteoirí eile gur úsáideadh am lasmuigh den lá scoile, agus thuairiscigh múinteoirí eile gur úsáid siad a sosanna lóin chun bualadh le chéile. Mhol múinteoirí a ghlac páirt san athbhreithniú go bhféadfadh go mbeadh réitigh eile úsáideach, cuir i gcás, cuid den am atá sannta d'fhorbairt foirne faoi láthair mar chuid den 33 uair de réir *Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh*.

Baineann dúshláin le pleanáil a dhéanamh mar roinn. Tá go maith, tá rang amháin níos lú inár gclár ama gach seachtain, ach ní bhíonn an roinn iomlán riamh ar fáil ag an am céanna, agus bíonn orainn cur isteach ar ár n-am lóin.

Aighneacht scríofa ó mhúinteoir

Príomhscileanna

Cuireadh fáilte roimh an mbéim a chuirtear ar phríomhscileanna sa dá shonraíocht agus sa Creat don tSraith Shóisearach (2015) níos leithne go forleathan ar fud an athbhreithnithe. Aithníodh scileanna amhail taighde, machnamh agus cumarsáid mar scileanna ríthábhachtacha do scoláirí de réir mar a fhorbraíonn siad mar fhoghlaimoirí feadh an tsaoil agus mar shaoránaigh rannpháirteacha. Chuir rannpháirtithe san athbhreithniú fáilte roimh na deiseanna laistigh de na sonraíochtaí chun raon leathan scileanna a fhorbairt a thacóidh le scoláirí i réimsí ábhair, sa staidéar, san ullmhúchán don tsraith shinsearach agus don saol i ndiaidh na sraithe sóisearaí.

Bhí fianaise ón athbhreithniú go dteastóidh soiléireacht sa chóras ó thaobh na hionchais i dtaca le pleanáil chun na príomhscileanna a chomhtháthú. Tá roinnt múinteoirí ag pleanáil go follasach d'fhorbairt na bpríomhscileanna agus tá múinteoirí eile ag pleanáil chun na príomhscileanna a chomhtháthú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú.

Níl aon dabht go n-aontaím leis na príomhscileanna ach sílim gur cheart go mbeadh siad mar chuid nádúrtha de gach rud a tharlaíonn sa seomra ranga – cuir i gcás ag iarraidh ar scoláirí a gcuid oibre a chur i láthair seachas í a scríobh, nó b'fhéidir ag iarraidh orthu taighde a dhéanamh ar rud éigin. Ní dóigh liom gur cheart dúinn tosú leis an bpríomhscil ach síleann roinnt daoine a labhair mé leo go bhfuiltear ag súil go ndéanfaí sin.

Aiseolas múinteora ó chuairt ar scoil

Measúnú foirmitheach

Chuir múinteoirí a ghlac páirt san athbhreithniú fáilte roimh an mbéim athnuaite a chuirtear ar an measúnú foirmitheach sa phleanáil don teagasc, foghlaim agus measúnú. Measann go leor múinteoirí go raibh dul chun cinn na gcritéir ratha agus iad ailínithe leis na torthaí foghlama ar an ngné ba dhúshlánaí den mheasúnú foirmitheach.

Cheap sampla de mhúinteoirí a ghlac páirt san athbhreithniú go raibh sé *dúshlánach* na rúin foghlama agus na critéir ratha a úsáid, go háirithe nuair a chruthaigh siad na critéir ratha leis na scoláirí.

Mar sin féin, dúirt na múinteoirí a ghlac páirt san athbhreithniú go raibh na critéir ratha ríthábhachtach chun struchtúr a chur le comhráite aiseolais leis na scoláirí. Chuir roinnt múinteoirí in iúl go raibh inní orthu faoin méid ama a thógann sé chun aiseolas éifeachtach a chur ar fáil, agus thuairiscigh neart múinteoirí go raibh an t-aiseolas ó bhéal an-tábhachtach chun tacú le foghlaim an scoláire agus go dtógann sé níos lú ama é a thabhairt.

Rinne múinteoirí ar fud an athbhreithnithe machnamh ar an mbéim athnuaite a chuirtear ar aiseolas a chur ar fáil don scoláire agus do thuismitheoirí agus síleadh go raibh an bhéim sin dearfach agus gur mhéadaigh sé an chumarsáid leanúnach le thuismitheoirí.

Bhuel is dócha go bhfuil sé níos soiléire anois maidir leis na bealaí a bhfeabhsaíonn tú mar táimid níos airdeallaí faoi aiseolas a chur ar fáil do scoláirí ar conas is féidir leo a fheabhsú. D'fhéadfadh sé a bheith fadálach má chaithfear é a dhéanamh i scríbhinn an t-am ar fad, ach i mo thaithí féin bíonn sé an-chabhrach aiseolas ó bhéal a thabhairt freisin.

Aiseolas múinteora ó chuairt ar scoil

Tháinig athrú ar an mbealach a ndéanaimid cumarsáid lena chéile agus a dtuairiscimid le scoláirí agus thuismitheoirí mar thoradh ar an tSraith Shóisearach Nua. Tá níos mó cumarsáide ann agus tugtar aiseolas díreach do scoláirí faoina MRBanna. Tá méadú ar líon na dtuairiscí foirmiúla chuig thuismitheoirí i roinnt scoileanna freisin agus teastaíonn níos mó am múinteora chun é sin a dhéanamh.

Aighneacht scríofa ó BSTAI

Ailíniú leis an scrúdú deiridh

Bhain neart de na húdair inní a cuireadh in iúl faoi ailíniú na sonraíochta leis an scrúdú deiridh le dúshláin a bhaineann leis na measúnuithe ag leibhéal comónta a mharcáiltear go seachtrach.

Cé gur chuir thuismitheoirí fáilte roimh an stíl ceistithe sin, thug siad le fios go raibh neart ceisteanna, go háirithe iad siúd ina gcaithfidh scoláirí sonraí agus faisnéis a anailísiú, dúshlánach le haghaidh grúpa scoláirí a bhfuil deacracht acu leis an bhfoghlaim agus tugann sé buntáiste do scoláirí níos cumasaí.

Chaith mo scoláirí maithe am ag léamh na ceiste agus d'oibrigh siad amach nach raibh aon tábhacht leis an gcomhthéacs, ach bhreathnódh na scoláirí ní ba laige ar

an gceist uair amháin agus deiridís nach bhféadfaidís é a dhéanamh agus bhogfaidís ar aghaidh.

Aiseolas múinteora ó ghrúpa fócais

Rinne na múinteoirí Staidéar Gnó agus Eolaíochta scéimeanna marcála Choimisiún na Scrúduithe Stáit a cháineadh mar thoradh ar an leibhéal sainiúlachta atá de dhíth uathu. Labhair siad faoin mbealach a dteastaíonn freagraí an-sonrach ó na ceisteanna a mheasann na torthaí foghlama oscailte agus mhothaigh múinteoirí nach ndearna siad dóthain *ullmhúcháin* lena scoláirí ionas go mbeidís in ann na sonraí áirithe a thabhairt ar na freagraí mar a shonraítear iad sa scéim mharcála.

Cé go raibh fianaise ann go raibh tionchar dearfach ag an measúnú deiridh ar an teagasc agus foghlaim, tá baol ann freisin go gcuirfear béim níos mó ar an scoláire a ullmhú le haghaidh ceisteanna scrúdaithe.

An measúnú i Staidéar Gnó agus Eolaíocht na Sraithe

Sóisearaí

Dearadh an cur chuige déach i leith measúnú don tsraith shóisearach chun tacú le foghlaim an scoláire i rith thrí bliana na sraithe sóisearaí agus chun gnóthachtáil a thomhas ag deiridh na dtrí bliana sin. Táthar ag súil go laghdóidh an cur chuige déach sin an bhéim a chuirtear ar an scrúdú deiridh agus go mbeadh na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRB) agus an measúnú foirmitheach ní ba thábhachtaí. Tagann an t-athrú béime sin ón aitheantas go bhfoghlaimíonn an scoláire sa bhealach is fearr nuair a chuireann an múinteoir aiseolas ar fáil a chuidíonn leis an scoláire tuiscint a fháil ar conas is féidir leis a fhoghlaim a fheabhsú, de réir mar a leagtar amach sa Chreat don tSraith Shóisearach 2015.

Tugann scoláirí faoi dhá MRB don Staidéar Gnó agus don Eolaíocht, ceann amháin sa dara bliain agus ceann amháin eile sa tríú bliain. Cuirtear deiseanna ar fáil sna MRBanna tuiscint an scoláire ar a fhoghlaim san ábhar agus ar an bhforbairt chomhtháthaithe ar raon príomhscileanna a fhorbairt a thuilleadh agus a thaispeáint. Nuair a chuireann an scoláire an dara MRB i gcrích tugann sé faoi Thasc Measúnaithe scríofa machnamhach ina ndíríonn sé ar cad a d'fhoghlaim sé agus ar na scileanna agus na hinniúlachtaí a d'fhorbair sé sa MRB sin. Déanann Coimisiún na Scrúduithe Stáit an Tasc Measúnaithe ag deireadh an tríú bliain agus an scrúdú deireadh a mharcáil.

Cuireann measúnú foirmitheach leanúnach sa seomra ranga leis na huaireanta measúnaithe sin sa tsraith shóisearach agus faigheann an scoláire aiseolas ón múinteoir agus i gcásanna áirithe téann sé i ngleic le féinmheasúnú agus le piarmheasúnú don mheasúnú foirmitheach. Fiosrófar aiseolas a bhaineann leis na Measúnuithe Rangbhunaithe, cruinnithe AFMÁ, samplaí de shaothar an scoláire agus an Tasc Measúnaithe sa chuid seo den tuarascáil.

Measúnuithe Rangbhunaithe

Bhreathnaigh múinteoirí agus scoláirí a ghlac páirt i ngrúpaí fócais scoláirí ar thabhairt isteach MRBanna don Eolaíocht agus don Staidéar Gnó mar rud dearfach den chuid ba mhó. Chuir múinteoirí fáilte roimh na deiseanna don scoláire chun scileanna a fhorbairt nár éascaíodh lena bhforbairt san ábhar roimhe sin. Thuairiscigh scoláirí gur bhain siad taitneamh as an ngné phraiticiúil a bhaineann leis an Measúnú Rangbhunaithe, go raibh neamhspleáchas acu an t-ábhar a roghnú, agus an deis a cuireadh ar fáil dóibh a bhfoghlaim a chur in iúl ar bhealaí éagsúla.

Bhain na scoláirí an-taitneamh as MRBanna a dhéanamh, chuaigh siad i mbun na hoibre agus níl aon dabht ach gur fhoghlaim siad go leor.

Aiseolas múinteora ó ghrúpa fócais

Is maith liom gur féidir roghnú cad a dhéanfaidh tú, cuireann sé gné shuimiúil leis an ábhar agus is mar sin a oibríonn fíor-eolaithe.

Aiseolas scoláire ó chuairt ar scoil

Bhí fianaise ann gur fhág an taithí ar dhul i ngleic le MRB lorg láidir ar neart múinteoirí a thuairiscigh go raibh tionchar ag a dtaithe thosaigh ar an bpróiseas MRB ar a bpleanáil amach ansin laistigh den roinn ábhair agus go raibh siad *níos compordaí* leis an bpleanáil do phróiseas MRB le haghaidh grúpaí bliana ina dhiaidh sin.

Déanta na fírinne, shíl mé go raibh sé an-strusmhar sa chéad bhliain, is dócha go raibh tionchar ag an strus sin ar na scoláirí freisin. Táim ar mo shuaimhneas anois tar éis an próiseas a chur i gcrích le grúpa bliana amháin agus motháim nach bhfuil MRB chomh strusmhar ar na scoláirí ansin dá bharr. Is cuid nádúrtha é de gach a ndéanaimid nuair atáimid ag teagasc agus níor cheart go mothódh na scoláirí go bhfuil siad faoi go leor brú breise.

Aiseolas múinteora ó chuairt ar scoil

Tharraing múinteoirí agus scoláirí araon aird ar an mbuntáiste a bhaineann le scileanna a fhorbairt go leanúnach do MRBanna mar chuid den teagasc, foghlaim agus measúnú. Aithníonn líon suntasach

múinteoirí go bhfuil MRBanna mar chuid nádúrtha den teagasc, foghlaim agus measúnú, nó tá siad ag tosaithe á aithint sin. Mar sin féin, mothaíonn múinteoirí eile go mbaineann stádas leo atá níos mó ná an measúnú leanúnach.

Ba chosúil nach raibh an eagla chéanna ar scoláirí faoin bpróiseas i scoileanna inar labhair na múinteoirí faoi MRBanna mar chuid nádúrtha den teagasc, foghlaim agus measúnú. Ar an taobh eile, thángthas ar scoileanna inar breathnaíodh ar MRBanna mar imeachtaí measúnaithe astu féin agus iad deartha chun gnóthachtáil a thomhas, agus i gcásanna áirithe fiú chuir siad ar scoláirí tabhairt faoi MRBanna bréige. Níl sé neamhchoitianta go dtuairiscíonn scoláirí agus múinteoirí araon sna scoileanna sin go raibh an próiseas a bhaineann le MRBanna strusmhar.

Dúirt na scoláirí sna suíomhanna sin go raibh orthu tabhairt faoi MRB sa bhaile anuas ar an ullmhúchán a bhí le déanamh acu do scrúduithe na Nollag. Labhair múinteoirí sa suíomh céanna go raibh imní orthu go bhfuil MRBanna *ag cur isteach ar am teagmhála luachmhar leis an rang.*

Is breá liom tabhairt faoi MRBanna, ach tá sé thar a bheith strusmhar. Tá orm an obair uile a dhéanamh sa bhaile, anuas ar an staidéar a chaithfidh mé a dhéanamh do na bréagscrúduithe agus ceisteanna athbhreithnithe a dhéanamh – i ndeireadh na dála – is ualach mór oibre sin le tabhairt faoi le linn laethanta saoire.

Aiseolas scoláire ó chuairt ar scoil

Chuir múinteoirí agus scoláirí Eolaíochta agus Staidéar Gnó araon imní in iúl maidir leis an luach measta a bhaineann le MRBanna, agus tá dúil ann go n-aithneofaí MRBanna agus go gcuirfí iad le torthaí na scrúduithe deiridh chun tuairisceoir nó grád ilchodach foriomlán amháin a sholáthar.

Ba cheart go ndéanfaí iad a roinnt 60-40. Táimid réidh dó sin anois – tá na córais i bhfeidhm agus léireoidh sé meas ar MRB.

Aiseolas múinteora ó chuairt ar scoil

Chuir múinteoirí in iúl go raibh ionadh ar thuismitheoirí nach gcuirtear MRBanna le toradh foriomlán amháin atá ilchodach agus ba mhian leo go ndéanfaí gnóthachtáil MRBanna a chúiteamh mar chuid den ghrád don scrúdú deiridh.

Bhí an tuairim sin le feiceáil go láidir i nguth an scoláire freisin, agus thug scoláirí le fios go bhfuil siad den tuairim gur cheart go gcuirfeadh MRBanna lena ngrád deiridh san ábhar, mar go laghdódh sé sin an brú a bhaineann leis an scrúdú deiridh agus chúiteodh sé scoláirí ar bhealach níos suntasaí as an iarracht a dhéanann siad do na MRBanna.

Ba cheart gur fiú [MRBanna] rud éigin mar chuirimid neart uaireanta iarrachta isteach leo. Bheadh sé go hiontach dá mbeidís mar chuid den scrúdú deiridh. Ní bheadh an brú uile ar cad a scríobhann tú nó cad a deir tú sa scrúdú.

Rinne múinteoirí tagairt do na srianta ginearálta a bhaineann le scrúduithe *ar phár* sa phlé a rinneadh. Moladh gur féidir an fhéidearthacht a bhaineann le MRBanna a nascadh leis an scrúdú agus go luífeadh sé sin le spiorad na sonraíochtaí athbhreithnithe.

Chuir múinteoirí fáilte go forleathan roimh an tréimhse níos fada inar féidir tabhairt faoi MRB. Mar sin féin, bhí imní ann maidir le *rochtain ar shaoráidí TF* ar scoil. Níl úsáid TF riachtanach le haghaidh MRBanna don Staidéar Gnó ná don Eolaíocht ach chreid múinteoirí agus scoláirí araon go bhfuil MRB níos soláimhsithe nuair a bhíonn rochtain ar TF. Ceadaíonn sé don scoláire *taighde a dhéanamh go héasca*, chun *rochtain a fháil ar raon fianaisí faisnéise agus iad a úsáid agus forbraíonn scoláirí scileanna litearthachta digiteacha* ag an am céanna freisin.

Bhí an tréimhse níos fada chun tabhairt fúthu go maith ar bhealach amháin mar cuireann sé níos mó solúbthachta ar fáil, ach tá sé dúshlánach freisin mar tagann ábhair salach ar a chéile agus cuireann sé sin níos mó brú ar acmhainní TF i scoileanna.

Aighneacht scríofa ó BSTAI

Rinneadh plé ar fud an athbhreithnithe ar líon agus spásáil MRBanna go ginearálta sa dara agus an tríú bliain. Chuir múinteoirí roinnt údar imní in iúl, i roinnt cásanna ag labhairt ó dhearcthaí an mhúinteora agus an tuismitheora araon, agus dúradh go bhfuil an seans ann go n-éireodh MRBanna iomarcach nuair a thabharfar isteach na hábhair uile don tsraith shóisearach.

Mothaíonn scoláirí go bhfuil MRBanna thar a bheith strusmhar. Cuireann siad go mór isteach ar a mbliain acadúil. Is minic nach mbíonn a fhios againn mar mhúinteoirí an méid obair baile, ama agus fuinnimh bhreise a chaitear le MRBanna. Anuas air sin, cruthófar níos mó brú fiú nuair a chuirtear níos mó MRBanna i bhfeidhm!

Aighneacht scríofa ó mhúinteoir

Cuireann MRBanna isteach ar ghníomhaíochtaí seach-churaclaim. Cluichí, spóirt agus comórtais eile. Ní mian le múinteoirí go mbeadh scoláirí as láthair ón rang le linn tréimhse MRBanna agus bheadh drochthionchar aige sin ar ghníomhaíochtaí seach-churaclaim – ní fhéadfadh gur b'in a theastaíonn uainn?

Aiseolas múinteora ó ghrúpa fócais

Níor tarraingíodh an cheist seo anuas chomh minic i suíomhanna inar breathnaíodh ar an MRB mar chuid den ghnáthrud a dhéantar sa seomra ranga. Tugadh faoi deara freisin go mbíonn na MRBanna difriúil ó thaobh an nádúir de ag brath ar an réimse ábhair agus go bhfuil seans ann go mbeadh na cuir chuige dhifriúla i leith an mheasúnaithe laistigh den MRB mar réiteach ar an imní sin faoin ualach oibre a chuirtear ar an scoláire. Bhí neamhspleáchas ag scoileanna freisin a bhféilirí MRB féin a fhorbairt don bhliain ionas go n-oirfidís dá gcomhthéacs uathúil féin agus go gcuirfidís na formáidí éagsúla MRB san áireamh, lena n-áirítear obair leanúnach atá punann-bhunaithe.

Shonraigh scoileanna a ghlac páirt san athbhreithniú cuir chuige dhifriúla ar an measúnú agus bhí an beartas don mheasúnú leanúnach an-éagsúil idir scoileanna. I roinnt scoileanna, cuireadh MRB isteach in ionad scrúdú scríofa ag deireadh an dara bliain agus thuiriscigh múinteoirí ar an MRB a rinneadh roimh thuirisc an théarma. I scoileanna eile, thug scoláirí faoi scrúdú foirmiúil anuas ar MRB a chur i gcrích, beach beann ar an tréimhse MRB. Tá fianaise ann go gcuirtear níos mó luacha ar scrúduithe scríofa i roinnt scoileanna agus chuir neart múinteoirí in iúl go raibh siad den tuairim go bhfuil *scrúduithe foirmiúla rialta agus scrúduithe ranga rialta riachtanach*, ach cheistigh múinteoirí eile an raibh gá le níos mó béime a chur ar an measúnú scríofa agus shíl siad go raibh luach leis an deis a sholáthraítear do scoláirí leis an dá MRB sa dá ábhar.

Foghlaimíonn siad go leor nuair a thugann siad faoin MRB agus is iontach an rud é a fheiceáil go spreagtar iad nuair a roghnaíonn siad an t-ábhar leo féin.

Aiseolas múinteora ó ghrúpa fócais

Cuirtear forbheathnú ar an aiseolas ábharbhunaithe a fuarthas maidir le MRB1 agus MRB2 don Staidéar Gnó agus don Eolaíocht ar fáil sa tráchtareacht thíos.

Measúnú Rangbhunaithe a hAon

Staidéar Gnó

Chuir múinteoirí fáilte roimh MRB1 don Staidéar Gnó go forleathan agus thaitin sé leo go gcuirtear deis ar fáil don scoláire roghnú ó thrí réimse – Fiontraíocht á Cur i nGníomh, Airgeadas á Chur i nGníomh nó Eacnamaíocht á Cur i nGníomh. Thuairiscigh scoláirí gur thaitin an rogha seo leo freisin agus gur thacaigh a múinteoir leo an rogha sin a dhéanamh go hiondúil. Dúirt roinnt múinteoirí go raibh sé deacair rogha iomlán a thabhairt maidir le formáid mar bhí an MRB a roghnaíodh ag brath ar an scoláire agus ar dóthain réamhfhoghlama a bheith aige agus gur bhain sé tairbhe as dul i ngleic le torthaí foghlama ar leith. Thug múinteoirí le fios go dteastódh athrú sa phleanáil don fhoghlaim sa chéad agus dara bliain dá n-athrófaí MRB1.

Tá claonadh ag tromlach na scoileanna agus múinteoirí Fiontraíocht á cur i ngníomh a roghnú mar MRB sna blianta tosaigh. Luaigh an Chigireacht an bhreathnóireacht sin ina tuairisc ar bhlianta tosaigh MRB1 freisin.

Is é taithí na Cigireachta go dtí seo go gcuirtear béim rómhór ar fhiontraíocht i neart de na scoileanna ar thugamar cuairt orthu, mar sin féin, tá patrúin thíreolaíocha sa nós seo chomh maith. Ní iontas é sin mar is príomhchuid den tsonraíocht í an Fhiontraíocht agus tá na blianta taithí ag múinteoirí ar bheith ag dul i ngleic leis an bhfiontraíocht san Idirbhliain. Tá féidearthacht ann chun roghanna eile a thabhairt isteach, ionas nach ndéanfaí an fhoghlaim a fhaigheann scoláirí san Idirbhliain a athdhéanamh i gcásanna ina dtagann siad isteach ón Idirbhliain.

Tuairisc scríofa ó Chigireacht ROS

Maidir le forbairt scileanna, shíl múinteoirí go raibh sé an-tairbheach go bhforbraíonn an scoláire scileanna taighde, anailíse agus scríbhneoireachta tuairiscí agus d'aithin siad go mbeadh na scileanna sin úsáideach don scoláire i ndiaidh na scoile, san obair, sa staidéar agus i réimsí ábhair eile chomh maith.

Tá an bhéim a chuirtear ar fhorbairt scileanna thar cionn. Is scileanna a theastóidh ón scoláire don Ardteistiméireacht, don obair agus don staidéar i ndiaidh na scolaíochta gach ceann de na scileanna seo. Is scileanna iad ar cheart don scoláire a fhorbairt amach anseo.

Aiseolas múinteora ó chuairt ar scoil

Tugtar faoi MRB1 i ngrúpaí beaga de idir triúr agus cúigear scoláirí. Breathnaíodh ar fhorbairt na scileanna a bhaineann le bheith ag oibriú i ngrúpaí mar rud dearfach ar an iomlán, ach, tharraing múinteoirí aird ar raon dúshlán a bhaineann le bheith ag oibriú i ngrúpaí, lena n-áirítear neamhláithreacht scoláirí, anois is arís nó ar feadh tréimhse shuntasach; bunú na ngrúpaí a bhainistiú agus na Gnéithe Cáilíochta a úsáid chun MRB i ngrúpa a mheasúnú ach ansin tuairisceoir aonair a bhronnadh.

Bíonn sé thar a bheith deacair na gnéithe cáilíochta do MRB1 a chur i bhfeidhm uaireanta. Baineann trí cinn as na cúig ghné cháilíochta leis an tionscadal grúpa, ach is é an scoláire aonair atá á mheas againn. Bíonn ort iarracht a dhéanamh an ról a ghlac an scoláire i ngach tionscadal a thuairimiú/thabhairt chun cuimhne cé go bhfuil teimpléad acu taifead a dhéanamh ar an obair. Tá sé i bhfad níos éasca na gnéithe cáilíochta a chur i bhfeidhm ar MRB2.

Aighneacht scríofa ó mhúinteoir

Mhaigh na cigireachtaí Staidéar Gnó ROS san aiseolas ina n-aighneacht go raibh múinteoirí ag tuairisciú roinnt údar imní dóibh maidir le MRB1 a bhainistiú sa seomra ranga, cuir i gcás *conas a chinnteimid cothromas i ngrúpa?* agus na dúshláin a bhí acu ag cuidiú le scoláirí tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann le *hoibriú i ngrúpaí* agus le *hoibriú le daoine eile*.

Bhí freagairtí éagsúla ag scoláirí freisin ar an obair ghrúpa sa MRB, bhain roinnt scoláirí taitneamh as a bheith ag oibriú i ngrúpaí ach chuir scoláirí eile in iúl nach raibh siad sásta go raibh orthu oibriú le daoine eile agus dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis amhail leithdháileadh éagothrom oibre laistigh den ghrúpa.

Níl sé cothrom nuair nach ndéanann duine eile a chion féin, ba cheart go ndéanfaí gach scoláire a mheasúnú as féin.

Tá sé go hiontach a bheith ag oibriú i ngrúpaí mar bíonn láidreachtaí éagsúla againn uile, tuigim go raibh an t-ádh linn mar rinneamar uile an obair ach ní dhearna duine amháin i ngrúpa mo charad dada agus níl sé sin cothrom.

Aiseolas scoláire ó chuairteanna ar scoil

Eolaíocht

Chuir múinteoirí a ghlac páirt san athbhreithniú fáilte roimh MRB1, an tlniúchadh Turgnamhach Sínte (ITS), agus breathnaíonn siad air mar fheabhas ar an ngné Obair Chúrsa B a bhíodh mar chuid d'Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí.

Bhuel, níor mhaith linn filleadh ar ais ar Obair Chúrsa B, tá sé seo i bhfad níos fearr agus téann siad uile i ngleic leis mar is féidir leo a n-ábhar féin a roghnú, bhain mé an-taitneamh as ITS.

Aiseolas múinteora ó chuairt ar scoil

Aithníodh go raibh an bhéim a chuirtear ar ITS sa dara bliain lárnach chun na scoláirí a choinneáil spreagtha faoin ábhar, agus go bhfuil seans ann nach mbeadh suim acu an eolaíocht a fhoghlaim ag an gcéim seo murach sin. Mar sin féin, thug roinnt múinteoirí faoi deara go bhféadfadh go mbeadh sé ní b'fhearr ITS a dhéanamh sa tríú bliain nuair atá níos mó foghlama curtha i gcrích ag an scoláire.

Sílim go mbeadh an Tasc Measúnaithe ní b'fhearr ar ITS, ach is maith liom gur féidir é a dhéanamh sa dara bliain freisin, spreagann sé na scoláirí.

Aiseolas múinteora ó ghrúpa fócais

Tá mo scoláirí reatha i bhfad níos fearr ag tabhairt faoi fhiosrúcháin, ag smaoinneamh mar eolaithe agus naisc a aithint idir rudaí éagsúla. Bíonn deis againn plé a dhéanamh ar ábhair shuimiúla mar thoradh ar an taighde a dhéanann siad. Bhí an seanchúrsa leadránach agus níor díriodh ach ar rudaí leadránacha. Cuireann MRBanna beocht leis an gcúrsa seo. Tá an-áthas ar na tuismitheoirí freisin, tá deis ag scoláirí tacair scileanna éagsúla a thaispeáint.

Aiseolas múinteora ó ghrúpa fócais

Rinneadh moladh go bhféadfadh ITS a bheith mar an dara MRB agus an tlniúchadh Eolaíochta sa tSochaí a dhéantar sa tríú bliain faoi láthair, rud a thacaíonn le forbairt raon scileanna a fhorbairt a bheadh úsáideach do scoláirí nuair a thugann siad faoi ITS.

Mhol múinteoirí a ghlac páirt san athbhreithniú go bhféadfaí ITS agus IES a chur le chéile agus go mbeadh scoláirí in ann an dá MRB a dhéanamh ag an am céanna mar iniúchadh amháin, ag cur gnéithe den dá MRB san áireamh.

Cuireadh údair imní in iúl maidir leis an neamhspleáchas a thugtar do scoláirí le ITS agus go bhfuil sé sin ag brath ar acmhainní mar mhothaigh roinnt scoileanna nach raibh rochtain acu ar an raon ábhar agus trealamh a theastaíonn ó na scoláirí áit nuair bhfuil srian ar an rogha agus ar an gcineál fiosrúcháin a dhéantar.

Bhí ITS an-mhaith. Thug na scoláirí faoi go fonnmhar ach bhí sé deacair an trealamh uile a fháil agus rochtain a fháil ar na saotharlanna.

Aighneacht scríofa ó ISTA

Bhí na scoláirí an-rannpháirteach san Iniúchadh Turgnamhach Sínte (ITS). Mar sin féin, tá sé deacair ar an múinteoir suas le 12 thionscadal a bhainistiú in aon seomra ranga amháin, go háirithe le ranganna a mhaireann daichead nóiméad. Cuireann ITS brú ar an bhfáil atá ar threalamh saotharlainne agus earraí gloine le haghaidh ranganna eile. Mar shampla, d'fhéadfadh nach mbeadh sé eascra gloine ar fáil le haghaidh úsáid ghinearálta ar feadh tréimhse a d'fhéadfadh a bheith chomh fada le trí seachtaine mar thoradh ar ITS scoláire amháin.

Aighneacht scríofa ó mhúinteoir

Labhair múinteoirí eile faoin dúshlán a bhíonn roimh scoláirí ar leith smaoinemh a fhorbairt do ITS a ligfeadh dóibh iniúchadh a dhéanamh ina léireofar agus ina dtaispeánfar an fhoghlaim i gcoinne na ngnéithe cáilíochta.

Measúnú Rangbhunaithe a Dó

Staidéar Gnó

Chuir múinteoirí agus scoláirí araon fáilte go forleathan roimh MRB2, an Cur i Láthair, sa Staidéar Gnó. Shíl múinteoirí go raibh formáid an MRB sin níos simplí ná MRB1 atá bunaithe ar obair ghrúpa agus síleadh go raibh sé níos éasca é a bhainistiú sa rang. Síltear go bhfuil an t-am ina reáchtáiltear an MRB tráthúil mar cuidíonn sé leis an scoláire sa tríú bliain nuair atá taithí aige ar raon torthaí foghlama agus d'fhéadfadh sé gné den Staidéar Gnó a bhfuil suim aige inti a roghnú mar ábhar a MRB. Tarraingíodh aird ar an rogha leathan atá ag an scoláire do MRB2 mar láidreacht shonrach a bhaineann leis an MRB agus thacaigh sé sin leis an scoláire agus é ag fiosrú ábhair a bhaineann lena cheantar áitiúil féin nó ábhar a bhfuil spéis aige ann agus ábhair sna meáin a fhiosrú a bhaineann leis an Staidéar Gnó.

Tá MRB2 go hiontach – déanann na scoláirí an-iarracht agus roghnaíonn siad ábhair a bhfuil spéis acu iontu, d'éist mé le roinnt Cur i Láthair an-suimiúil ar ábhair éagsúla, agus d'fhoghlaim mé féin go leor freisin.

Aiseolas múinteora ó ghrúpa fócais

Rinneadh roinnt plé ar an bhformáid ó bhéal a bhaineann leis an gcur i láthair don MRB; chuir líon beag múinteoirí agus scoláirí imní in iúl faoi scoláirí nach bhfuil ar a gcomparáid a MRB a chur i láthair os comhair an ghrúpa. D'éirigh le múinteoirí agus scoileanna réitigh a fháil chun cuidiú le scoláirí na fadhbanna sin a shárú áit ar tugadh an imní sin le fios. Mhaigh múinteoirí agus scoláirí araon go raibh scoláirí ní ba chomporáid cur i láthair a dhéanamh os comhair grúpa nuair a bhí deiseanna acu a scoileanna cur i láthair agus scoileanna cumarsáide ó bhéal a fhorbairt de réir a chéile.

Bhí strus ar na scoláirí an chéad uair a d'iarr mé orthu cur i láthair a dhéanamh os comhair an ranga, bheartaigh mé go n-iarrfainn orthu é a dhéanamh i ngrúpaí

beaga, agus ansin iad féin a réiteach le haghaidh lucht éisteachta ní ba mhó de réir a chéile. Tá mo ghrúpa sa chéad bhliain ag dul i dtaithí ar bheith ag labhairt os comhair an ranga faoi láthair, sa chaoi sin ní chuirfidh an Cur i Láthair don MRB isteach orthu.

Aiseolas múinteora ó chuairt ar scoil

Aithníodh freisin go gcuirtear deis ar fáil do scoláirí le MRB2 chun tógáil ar na scileanna taighde a d'fhorbair siad mar chuid de MRB1 agus mar chuid d'ábhair eile amhail MRB2 san Eolaíocht. Chuir múinteoirí agus scoláirí fáilte roimhe sin, mar ba léir dóibh go raibh siad ag cur a bhfoghlaím i bhfeidhm in ábhair dhifriúla.

D'fhoghlaim mé, ó bheith ag labhairt le mo chuid chomhghleacaithe, go bhfuil na scoláirí ag forbairt na scileanna seo i réimsí ábhair eile amhail Béarla agus Eolaíocht. Sílim go bhfuil sé sin go maith – is smaointeoireacht nasctha atá i gceist leis.

Aiseolas múinteora ó chuairt ar scoil

D'fhoghlaim mé go leor ón gcumarsáid a dhéanamh don MRB agus bhí mé in ann na scileanna a d'fhoghlaim mé as sin a úsáid nuair a rinne mé an Cur i Láthair don MRB.

Aiseolas scoláire ó chuairt ar scoil

Eolaíocht

Measadh go raibh an tlniúchadh Eolaíochta sa tSochaí a dhéantar sa tríú bliain ní ba dhúshlánaí do scoileanna agus múinteoirí i gcás an dá MRB a dhéantar don Eolaíocht. Bhain an imní ba mhó a bhí ar mhúinteoirí faoin MRB le rochtain ar theicneolaíocht dhigiteach don chéim taighde.

Tá éileamh ollmhór ar ríomhairí agus teastaíonn siad ó gach duine ag an am céanna le haghaidh MRBanna agus ansin teastaíonn roinnt ama sa seomra ríomhairí ó mhuintir na hArdteistiméireachta Feidhmí i gcónaí agus ní bhíonn aon rogha againn ach iarraidh ar na déagóirí an taighde a dhéanamh sa bhaile.

Aighneacht scríofa ó mhúinteoir

Dúirt líon beag múinteoirí nach raibh deis ag scoláirí na scileanna a bhaineann leis an taighde a mheastar trí IES sa chéad bhliain agus sa dara bliain a fhorbairt agus go raibh deacrachtaí ag na scoláirí sin an IES a chur i gcrích.

Shíl múinteoirí eile go raibh an deis a chuirtear ar fáil sa tsonraíocht na scileanna sin a fhorbairt tairbheach agus mheas siad gur deis luachmhar é an IES dá scoláirí fianaise ar an bhfoghlaím sin a thaispeáint.

Tá sé thar a bheith luachmhar na scileanna don IES a fhorbairt agus tugann sé deis dóibh iniúchadh a dhéanamh agus foghlaim faoi shaincheisteanna tábhachtacha – bheadh sé go hiontach dá gcuirfí sin leis an ngrád – feiceann na scoláirí an tábhacht a bhaineann leis an eolaíocht agus an nasc atá idir an eolaíocht agus a saol féin – tá sé sin fíorluachmhar do scoláirí.

Aiseolas múinteora ó chuairt ar scoil

Tharraing scoláirí a ghlac páirt san athbhreithniú aird ar an deis a chuirtear ar fáil dóibh taighde a dhéanamh ar réimse eolaíochta a bhfuil spéis acu ann:

Thaitin an taighde liom, agus faisnéis a fháil ar an dá thaobh den argóint, fiú d'athraigh mé m'intinn faoin vacsaín don phapalómaivíreas daonna agus fuair mé í i ndiaidh mo MRB.

Aiseolas scoláire ó chuairt ar scoil

Samplaí de Shaothar an Scoláire

Oibríonn CNCM le múinteoirí i scoileanna éagsúla ar bhonn leanúnach chun samplaí de shaothar an scoláire a fhorbairt agus a fhoilsiú d'fhonn tacú le breithiúnas múinteora faoi cháilíocht obair an scoláire. Foilsítear an saothar seo i ndiaidh próiseas deimhnithe cáilíochta ina nglacann múinteoirí agus comhghleacaithe ón tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus an Chigireacht ról ann. Is múinteoirí a úsáideann na samplaí de shaothar an scoláire seo is minice chun tacú le plé le linn cruinnithe AFMÁ, dá mbeadh éiginnteacht ann faoin tuairisceoir a bhronntar ar pháosa oibre ar leith ó scoláire.

Thuairiscigh múinteoirí go raibh na samplaí anótáilte de shaothar an scoláire a fhoilsítear ar www.curriculumonline.ie an-úsáideach. Thug múinteoirí le fios go gcuidíonn siad *muinín a fhorbairt ar na tuairisceoirí a úsáid ar shaothar an scoláire* áit ar úsáideadh samplaí de shaothar an scoláire chun tacú leis an bplé ag cruinnithe AFMÁ. D'úsáid roinnt múinteoirí na samplaí de shaothar an scoláire chun tacú lena measúnú féin ar pháosa oibre agus shíl siad go raibh sé an-chabhrach nuair a bhí siad ag dul i dtailí ar MRBanna agus na Gnéithe Cáilíochta a cuireadh i bhfeidhm ar shaothar an scoláire. Tugadh le fios go raibh na nótaí a théann leis an saothar an-chuidiúil go deo chuige sin.

Tá na samplaí go hiontach mar cothaíonn siad muinín ionat chun seasamh le do bhreithiúnas ag an gcruinniú AFMÁ.

Tá na nótaí an-chabhrach nuair a bhíonn mearbhall ort faoin mbealach ar cheart an páosa a mheas, agus cuidíonn siad leat an fáth ar bronnadh tuairisceoir ar leith ar an bpáosa a dhéanamh amach.

Aiseolas múinteora ó ghrúpa fócais

Labhair múinteoirí ar fud an athbhreithnithe faoin ngá atá leis na samplaí a athnuachan ar bhonn rialta agus bhí fianaise ar thuiscint *go bhforbrófaí* na caighdeáin de réir mar a éiríonn múinteoirí níos compordaí leis an bpleanáil don teagasc agus don fhoghlaim ag úsáid na sonraíochta.

Sílim go bhfuil sé go hiontach go gcuirtear samplaí nua ar fáil gach bliain mar ba cheart Ag teacht leis na hionchais a athrú i gceann cúpla bliain nuair a théimid isteach ar an mbealach le stíl foghlama MRB a thabhairt isteach inár seomra ranga.

Aiseolas múinteora ó ghrúpa fócais

Ba mhaith le múinteoirí Staidéar Gnó go háirithe níos mó samplaí ina léirítear foghlaim trasna na dtrí shnáithe agus meascán de shamplaí le haghaidh MRB1, inar féidir roghnú ó go leor roghanna mar a luadh cheanna, a fheiceáil.

Ní mór dúinn níos mó samplaí d'Airgeadas á Chur i nGníomh agus Eacnamaíocht á Cur i nGníomh a fheiceáil chun barúil a fháil ar cad a éilítear ar na scoláirí.

Aiseolas múinteora ó ghrúpa fócais

Bhí tuairisciú measctha maidir le rannpháirtíocht le samplaí de shaothar an scoláire sa Chéad Bhliain. Ní dúirt roinnt múinteoirí dada faoi na samplaí sin mar nach ndeachaigh siad i ngleic leo, labhair múinteoirí eile faoin mbealach ar chuidigh na samplaí leo smaointe a chur le chéile chun pleanáil do chineál difriúil foghlama, agus dúirt siad go raibh na samplaí úsáideach sa phleanáil don teagasc, measúnú agus foghlaim.

Bhreachnaigh mé ar na samplaí ón gcéad bhliain cinnte, ach ní bhfuair mé aon ní uathu mar ba iad na MRAanna a d'úsáideamar, ach tá an seans ann go mbreathnóidh mé siar ar shaothar na chéad bhliana anois mar is dócha go dtabharfaidís tuairim mhaith dom ar gach ar féidir linn a dhéanamh leis na torthaí foghlama.

Aiseolas múinteora ó ghrúpa fócais

Shíl sampla múinteoirí go bhféadfadh sé a bheith úsáideach sampla de shaothar an scoláire a fháil le haghaidh scoláirí sa dara agus sa tríú bliain nach mbaineann le MRB mar chuideoidís sin le múinteoirí an phleanáil a dhéanamh don fhoghlaim ag úsáid na dtorthaí foghlama agus chun féidearthachtaí maidir le measúnú leanúnach a aimsiú laistigh de na torthaí foghlama.

Tá na samplaí go hiontach, ach bheadh sé go maith ní ba mhó díobh a bheith againn, ní do MRBanna amháin ach samplaí ón dara agus ón tríú bliain. Chuideodh sé sin linn tuiscint a fháil ar na Torthaí Foghlama, go háirithe má tá an obair mar chuid den phróiseas deimhnithe cáilíochta a dearna tú cur síos air.

Aiseolas múinteora ó chuairt ar

scoil

Tarraingíodh aird ar úsáid samplaí de shaothair an scoláire mar rud atá tairbheach d'fhorbairt ghairmiúil an mhúinteora le linn na forbartha gairmiúla leanúnaí. I rith an athbhreithnithe, labhair múinteoirí faoin tábhacht a bhaineann le bheith in ann breathnú ar na samplaí de shaothair atá ar líne agus iad a phlé le comhghleacaithe agus mhothaigh siad go raibh na comhráite sin fóinteach chun níos mó muiníne a fhorbairt ar bheith ag oibriú leis na gnéithe cáilíochta agus ar bheith ag oibriú leis na torthaí foghlama go ginearálta.

Bhí sé go maith ag an bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach nuair a fuaireamar am le breathnú ar roinnt samplaí de shaothair ón gcuraclam ar líne agus an sampla agus an tuairisceoir a bronnadh a phlé. Ba mhaith liom tabhairt faoin ngníomhaíocht sin níos minice.

Aiseolas múinteora ó ghrúpa fócais

Tharraing múinteoirí ó Ghaelcholáistí agus scoileanna Gaeltachta a ghlac páirt san athbhreithniú aird ar an easpa samplaí de shaothair an scoláire atá ann de scoláirí ó na suíomhanna sin. Síleadh go raibh sé sin an-tábhachtach d'ábhair a mbaineann foclóir sonracha leo, cuir i gcás Staidéar Gnó agus Eolaíocht. Chuirfeadh múinteoirí sa scoileanna sin fáilte roimh shamplaí ina bhfuil an scoláire ag foghlaim agus ag cur a chuid saothair i láthair i nGaeilge. Bheadh sé seo tairbheach don phlé ag cruinnithe AFMÁ go háirithe.

Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)

Glacann múinteoirí Staidéar Gnó agus Eolaíochta páirt i gcruinniú AFMÁ i ndiaidh MRB1 agus MRB2. Tarraingíodh aird ar an bpróiseas AFMÁ ar fud an athbhreithnithe mar cheann de na gnéithe is dearfaí a bhaineann leis an athchóiriú agus breathnaíodh air mar rud a chuireann le forbairt cultúr níos comhoibríche i ranna ábhair. Thug múinteoirí le fios go gcuireann cruinnithe AFMÁ *am luachmhar agus spás don chomhoibriú* ar fáil agus go ndéantar *plé gairmiúil faoin teagasc, foghlaim agus measúnú agus pleanáil don teagasc, foghlaim agus measúnú amach anseo* a chothú fad a thacaítear le forbairt mhuintín an mhúinteora i gcaighdeáin agus na gnéithe cáilíochta a chur i bhfeidhm.

Mheas múinteoirí go raibh na cruinnithe AFMÁ úsáideach chun tacú le *ciall a bhaint le chéile* as an gcur chuige déach don mheasúnú a tugadh isteach mar chuid den Chreat don tSraith Shóisearach.

Is maith liom an próiseas AFMÁ – tá sé go maith chun caighdeáin a phlé, ach tá sé an-úsáideach chun fáil amach faoin gcur chuige atá ag múinteoirí eile i mo roinn i leith MRBanna. Úsáidtear an-chuid den ábhar a phléimid inár gcruinnithe AFMÁ inár gcruinnithe pleanála roinne.

Aiseolas múinteora ó chuairt ar scoil

Shíl múinteoirí ar an iomlán go raibh an taithí a bhí acu ar bheith rannpháirteach sna cruinnithe AFMÁ suimiúil agus aontaítear go gcuireann siad deiseanna ar fáil le haghaidh plé maith gairmiúil.

Aighneacht scríofa ó BSTAI

Cuidíonn na Gnéithe Cáilíochta, na samplaí ar líne agus na cruinnithe AFMÁ go mór linn a bheith muiníneach tuairisceoir a bhronnadh. Ní raibh sé éasca an chéad uair, agus sílim go rabhamar uile an-neirbhíseach, ach éiríonn tú níos muiníní agus bíonn muinín agat asat féin nuair a théann tú i dtraithí orthu.

Aiseolas múinteora ó ghrúpa fócais

Bhain mé taitneamh as an gcruinniú AFMÁ, thug sé deis do bhaill na roinne modheolaíochtaí a phlé agus aiseolas criticiúil a thabhairt ar shaothair a scoláirí.

Aighneacht scríofa ó mhúinteoir

Thug sampla de mhúinteoirí a ghlac páirt san athbhreithniú le fios go raibh tionchar ag an bplé a rinneadh ag tús na gcruinnithe AFMÁ ar an gcleachtas maidir le teagasc, measúnú agus foghlaim agus go raibh na comhráite a bhí acu le linn na gcruinnithe AFMÁ mar bhonn eolais faoin mbealach ar phleanáil múinteoirí an teagasc agus an foghlaim ina seomraí ranga féin. Shíl múinteoirí go raibh sé

sin an-tairbheach agus breathnaíodh air mar phróiseas a chuidíonn le spioraid an choláiste agus cleachtas comhoibríoch a fhorbairt.

Níor phléamar saothar an scoláire mórán roimh na cruinnithe AFMÁ – rinneamar roinnt plé ar an bpleanáil agus cúrsaí mar sin, ach ní saothar an scoláire, sílim go gcuidíonn sé seo linn oibriú le chéile agus níos fearr mar roinn ábhair.

Tá guth comhionann ag gach duine sa chruinniú AFMÁ. Is maith liom sin – is cuma an méid taithí atá agat; tá meas ar thuairim gach duine.

Aiseolas múinteora ó chuairt ar scoil

Breathnaíodh ar an oiliúint a chuirtear ar fáil d'éascaitheoirí AFMÁ mar rud an-luachmhar agus dúirt roinnt múinteoirí a ghlac ról an éascaitheora AFMÁ gur mhéadaigh an oiliúint sin a muinín sa ról. Cuireann an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí an oiliúint seo ar fáil ar bhonn roghnach agus is seisiún tráthnóna a mhaireann dhá uair an chloig a bhí i gceist, a reáchtáiltear go bliantúil in ionaid oideachais timpeall na tíre

Bhí an oiliúint d'éascaitheoirí AFMÁ go maith, cé go raibh orainn tabhairt fúithi inár gcuid ama féin. Fuair mé smaointe maith uaithe ar an gcur chuige ar cheart a bheith agam don ról agus ní raibh sé chomh scanrúil dom i ndiaidh dom freastal ar an oiliúint.

Aiseolas múinteora ó chuairt ar scoil

Cé gur díriodh an oiliúint sin ar dhaoine a bheidh ina n-éascaitheoirí sa chruinniú AFMÁ, moladh go mbeadh an oiliúint tairbheach do gach duine atá rannpháirteach sa chruinniú AFMÁ mar tacaíonn sí le forbairt cúinsí fabhracha chun saothar an scoláire a phlé. Meastar gurb iad na cruinnithe AFMÁ is rathúla iad sin ina bhfuil éascaitheoir cumasach a thacaíonn le forbairt gairmiúlachta agus cóimheasa agus nuair a phleanáiltear agus a aontaítear roimh ré go mairfidh an cruinniú dhá uair an chloig mar a leithdháiltear dó. Shíl na ranna ábhair go raibh sé úsáideach an dáta dá gcruinniú AFMÁ a shonrú roimh thús MRB le cinntiú go mbeadh a gcomhghleacaithe uile in ann pleanáil chuige agus a bheith ullmhaithe roimh an am socrúithe.

Fuarthas amach mar chuid den athbhreithniú go raibh cuir chuige iomadúla ann le haghaidh eagrú na gcruinnithe AFMÁ i scoileanna. Dúirt roinnt múinteoirí gur bhailigh siad am gairmiúil le chéile chun tréimhse dhá uair an chloig a eagrú lasmuigh den lá scoile. Thuairiscigh múinteoirí eile go raibh socrú leath le linn, leath lasmuigh acu leis an gcruinniú AFMÁ inar chuir siad tús leis an gcruinniú i gcaitheamh an lae scoile agus gur lean siad ar aghaidh ina dhiaidh. B'údar míshuaimhnis laistigh den chóras an t-am ina reáchtáiltear na cruinnithe AFMÁ tráth a raibh an comhairliúchán ar oscailt agus lorg múinteoirí soiléiriú a fháil ar an am ar cheart na cruinnithe AFMÁ a reáchtáil.

Shíl roinnt múinteoirí go raibh an t-ullmhúchán don chruinniú AFMÁ trom, go háirithe le haghaidh MRB1 an Staidéir Gnó mar féadfaidh go leor ábhar a bheith mar chuid de toisc gur tionscadal grúpa atá ann agus gur féidir é a chur i láthair ar bhealaí éagsúla.

Tá ar an éascaitheoir na samplaí de shaothair an scoláire a chuireann múinteoirí isteach a 'bhailiú agus a chóipeáil'. D'fhéadfadh go dteastódh fótachóipeáil nó scanadh samplaí de shaothair an scoláire chuige sin – agus tá sé sin deacair mura gcuireann an scoil gléas ar fáil duit. Mothaímid nach bhfuil gá leis ar chor ar bith, baineann ualach mór oibre leis agus is cur amú páipéir atá ann. Ní luíonn sé lenár gcur chuige don inbhuanaitheacht ach an oiread.

Aighneacht scríofa ó BSTAI

Nuair a rinneadh iniúchadh ní ba dhoimhne ar an imní sin sa phlé i ngrúpaí fócais, thuairiscigh múinteoirí gur úsáideadh ardáin ar líne chun an gá le fótachóipeáil a laghdú.

Mar a luadh cheana, breathnaíodh ar na samplaí de shaothair an scoláire atá ar fáil ar curriculumonline.ie mar shamplaí úsáideacha sa phróiseas AFMÁ chun tacú le múinteoirí teacht ar thuairim chomhroinnte maidir le caighdeán agus measadh go mbeadh sé cabhrach níos mó samplaí ag raon tuairisceoirí a chur ar fáil.

Chuir múinteoirí imní in iúl faoin gcaighdeán i dtéarmaí na dtuairisceoirí a bronnadh. I gcásanna áirithe, thuairiscigh scoileanna go raibh easaontú ann faoi tuairisceoirí agus go raibh imní ann maidir le caighdeán náisiúnta a chinntiú dá bharr.

Tá na samplaí de shaothair an scoláire úsáideach, agus breathnaímid orthu anois is arís, ach ba mhian liom ní ba mhó éagsúlachta a fheiceáil. Bheadh sé go hiontach dá mbeadh raon ní ba mhó ann, rud a chuideodh linn mar is minic nach mbíonn na caighdeáin soiléir ó na samplaí a cuireadh ar fáil.

Aiseolas múinteora ó ghrúpa fócais

Bhí easaontais i scoileanna faoi na tuairisceoirí a bhronnadh, is cúis imní é sin dúinn maidir le caighdeánú an phróisis seo go náisiúnta.

Aighneacht scríofa ó BSTAI

Tasc Measúnaithe

Tá an Tasc Measúnaithe (TM) sa Staidéar Gnó agus san Eolaíocht araon nasctha leis an taithí a bhíonn ag an scoláire ar MRB2. Tá ar an scoláire machnamh a dhéanamh don TM agus shíl múinteoirí gur fhorbair na scoláirí scileanna machnaimh mar thoradh ar an mbéim nua a chuirtear ar an machnamh sa TM, sna príomhscileanna agus i MRBanna. Mar sin féin, tarraingíodh aird ar roinnt fadhbanna agus údar imní maidir leis an TM ar fud an athbhreithnithe.

Ba é an phríomhchúis imní a bhí ann faoin TM an luach oideachais a bhaineann leis an tasc. Mhóthaigh múinteoirí i roinnt cásanna go ndearnadh *aithris ar an obair laistigh de MRB* sa tasc agus *bhí na noda díreach mar an gcéanna le riachtanais MRB*. I gcásanna eile, cheistigh múinteoirí agus scoláirí araon an nasc idir TM agus MRB, agus mhóthaigh roinnt múinteoirí *nach raibh nasc sách láidir idir TM agus sonraíocht an ábhair*. Chuir múinteoirí imní in iúl maidir le marcáil TM agus ní raibh siad cinnte faoin gcritéir a úsáidtear chun machnaimh an scoláire a mheasúnú.

Tuairiscíodh údair imní chomhchosúla san aighneacht ó fhoireann na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí agus bhailigh siad na tuairimí sin ó na múinteoirí a d'fhreastail ar a gceardlanna.

Ar an iomlán, ba é an taithí a bhí againn nach gcreideann múinteoirí go bhfuil aon tairbhe leis an Tasc Measúnaithe. Creideann cuid díobh go bhfuil an Tasc Measúnaithe luachmhar ach tá neart díobh éiginnte faoin gcritéir ratha chun marcanna iomlána a bhronnadh. Labhraíonn neart múinteoirí faoin bhfrustrachas atá orthu toisc nach bhfuil siad in ann scoláirí a threorú tríd an bpróiseas chun na marcanna iomlána atá ar fáil a fháil. Níl ach líon fíorbheag dearfach faoi agus tá neart múinteoirí an-chriticiúil ina leith, thug siad le fios go raibh imní orthu gur bunús tútach measúnaithe é machnamh an scoláire amháin. Chuir neart múinteoirí in iúl go bhfuil easpa muiníne acu faoin mbealach is fearr lena scoláirí a ullmhú don Tasc Measúnaithe.

Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí

Thuairiscigh neart múinteoirí go raibh ní ba mhó muiníne acu nuair a bhreathnaigh siad ar scéim mharcála Choimisiún na Scrúduithe Stáit don Tasc Measúnaithe.

Mhaigh Cumann Mhúinteoirí Staidéar Gnó na hÉireann (BSTAI) gur údar imní é an t-am inar tugadh faoin Tasc Measúnaithe (TM) in 2019–2020.

Níl sé cothrom ar mhúinteoirí ná ar scoláirí nach bhfuil an teimpléad don Tasc Measúnaithe ar fáil go dtí mí Eanáir cé gur thosaigh roinnt scoileanna le MRBanna cheana féin – níor cuireadh múinteoirí ar an eolas faoi sin ach i ndiaidh dóibh MRB2 a shocrú ina bhféilirí scoile le haghaidh 2019/20. Ba cheart go mbeadh scoláirí in ann machnamh a dhéanamh ar a MRB nuair a chuireann siad é i gcrích agus ní go leor seachtainí níos déanaí. Tá sé sin éagórach, go háirithe nuair is fiú 10% dá ngrád deiridh é.

Chuir roinnt múinteoirí a phleanáil go dtabharfadh a scoláirí faoin MRB go luath sa tréimhse críochnaithe an imní seo in iúl freisin.

Ba fhadhb í fáil an MT – bheartaíomar cathain a reáchtálfar MRBanna mar fhoireann le cinntiú nach gcuirfí ualach rómhór ar na scoláirí, ach ansin fuaireamar amach go mbeadh bearna ann idir an tréimhse ina gcuireann siad an MRB i gcrích agus tráth a ndéanfaidh siad an MT. Tá easpa smaointeoireachta comhtháite le feiceáil sa mhéid sin.

Aiseolas múinteora ó ghrúpa fócais

Is cosúil go bhfuil drochthionchar ag an 10% a bhronntar don Tasc Measúnaithe ar an luach a mheastar a bhaineann le MRBanna agus thug múinteoirí le fios go bhfuil barúil mhíchruinn ann i measc scoláirí agus tuismitheoirí *nach fiú ach 10% MRB2*. Thuairiscigh múinteoirí go raibh sé deacair a mhíniú do thuismitheoirí go mbronntar 10% as an TM.

Tá sé deacair míniú a thabhairt ar cad chuige ar a mbronntar an 10% – agus go mbaineann sé le MRB2 amháin. Cuireann tuismitheoirí agus scoláirí ceisteanna ansin faoi MRB1 agus cén ‘luach’ atá leis. Ní thuigim an fáth a bhfuil TM le haghaidh MRB amháin ach ní le haghaidh an ceann eile... nó an fáth a bhfuil ceann ann ar chor ar bith fiú.

Aiseolas múinteora ó chuairt ar scoil

Ní léir dom an fáth a bhfuil Tasc Measúnaithe ann le haghaidh MRB2 ach nach fiú dada MRB1. Tá sé sin bearránach mar chuireamar go leor oibre isteach inár ngrúpa agus ní fiú fiú 10% é.

Aiseolas scoláire ó chuairt ar scoil

Cé gur breathnaigh roinnt daoine air mar rud thar a bheith soiléir go gcaithfidh na scoláirí dul i ngleic leis an bhfoghlaim i dtosach sula mbeidh siad in ann smaoinemh agus labhairt fúithi agus machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim sin, thuairiscigh múinteoirí go bhfuair siad teachtaireachtaí éagsúla faoin bpointe sin i scoileanna, agus labhair siad faoi scoileanna nár thug cead do scoláirí tabhairt faoi TM gan MRB2 a chur isteach agus scoileanna eile ina raibh scoláirí in ann dul ar aghaidh agus é a dhéanamh.

An Scrúdú Deiridh

Bhí freagairtí éagsúla ar an scrúdú deiridh don Staidéar Gnó agus don Eolaíocht. Cuireadh fáilte sa dá ábhar roimh an scrúdpháipéar atá i bhfoirm leabhráin agus fáiltíodh roimh an gceistiú ardoird mar a luadh cheana freisin. Athraíodh an scrúdú deiridh don Staidéar Gnó agus don Eolaíocht ó pháipéar ar leithligh don ardleibhéal agus ceann eile don ghnáthleibhéal chuig scrúdú amháin ar leibhéal comónta. Thug neart múinteoirí le fios nár thug na ceisteanna ar an bpáipéar leibhéil chomónta deiseanna do scoláirí chun a bhfoghlaim sa raon iomlán inniúlachta agus gnóthachtála a thaispeáint.

Ní oibríonn an leibhéal comónta do neart scoláirí. Níl chuirtear dúshlán roimh an scoláire atá acadúil mar gheall ar an easpa doimhneachta agus níl an scrúdú chomh hinrochtana is a bhí an seanchúrsa gnáthleibhéil do na scoláirí is laige. Tagann sé sin salach ar an gcoincheap den fholláine a mholtar agus ar an smaoineamh maidir le measúnú idirdhealaithe.

Thuairiscigh múinteoirí go dteastaíonn níos mó tacaíochta uathu chun scoláirí a spreagadh i gcomhthéacs cleachtais teagaisc, foghlama agus mheasúnaithe ionchuimsitheacha.

Ní léann na scoláirí is laige na cairteacha ná na léaráidí chun an freagra a dhéanamh amach agus teastaíonn ceisteanna dúshlánach ó na scoláirí níos cumasaí.

Aiseolas múinteora ó chuairt ar scoil

Cheistigh múinteoirí agus scoláirí Staidéar Gnó araon an easpa rogha idir ceisteanna ar an scrúdpháipéar, agus mhol múinteoirí gur méadaíodh an easpa rogha sin leis an aistriú chuig leibhéal comónta agus an t-aistriú ó dhá pháipéar ag Ardleibhéal chuig páipéar amháin a mhaireann dhá uair an chloig. Bhí rogha ag an scoláire roimhe seo ar an dá pháipéar agus bhí sé in ann ‘rogha a dhéanamh de réir a bhuanna aonair féin’.

An easpa roghanna i gceisteanna do scoláirí. Chuir scoláirí agus múinteoirí araon fáilte roimh an rogha de roinnt ceisteanna gairide mar a bhí ar an scrúdú roimhe seo (go dtí 2018) agus a bhfreagraítear (a) nó (b) orthu. Chuirfí fáilte roimh rud mar sin sa scrúdú nua.

Tugadh le fios go bhfuil tionchar ag an easpa roghanna sin ar an scoláire lag go háirithe agus cuireadh an inní sin in iúl d'fhoireann na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí.

Luaigh roinnt múinteoirí, go háirithe iad siúd i scoileanna DEIS, go raibh deacracht ag roinnt scoláirí dul i ngleic le gnéithe den mheasúnú – an scrúdú deiridh go háirithe agus an easpa ceisteanna roghnacha go mór mór.

Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí

Chuir múinteoirí agus scoláirí inní in iúl go bhfuil sé deacair na sonraí a theastaíonn sna freagraí ar cheisteanna scrúdaithe a thuiscint. Luaigh gur fadhb é nach bhfuil miondealú ar mharcanna ar an bpáipéar sa chomhthéacs seo.

Tá deacracht agam leis an stíl cheistithe – ní thugtar le fios an méid sonraí a theastaíonn ná cé mhéad pointí a chaithfear a thabhairt chun na marcanna iomlána a fháil.

Aiseolas múinteora ó chuairt ar scoil

Rinne mé iarracht buille faoi thuairim a thabhairt ar an méid ar cheart dom a scríobh – ba chosúil go raibh na ceisteanna simplí go leor ach ansin nuair a tháinig mé amach agus nuair a fuair mé mo ghrád ní raibh mé cinnte ar scríobh mé mo dhóthain, ach ní raibh barúil ar bith agam nuair a bhí an scrúdú á dhéanamh agam.

Aiseolas scoláire ó chuairt ar scoil

Labhair múinteoirí faoi pháipéir shamplacha a chur ar fáil don chéad timthriall den chúrsa a theagasc. Moladh go dtacódh ní ba mhó ná páipéar samplach amháin le múinteoirí agus scoláirí léargas a fháil ar na stíleanna agus na cineálacha ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith ar an bpáipéar.

Bheadh sé go maith dá gcuirfí cúpla páipéar samplach ar fáil i bhfad roimh an bpointe ina dtosaítear ag teagasc an chúrsa agus chuideodh sé go mór le cúinsí sásúla oibre a chruthú do na scoláirí agus múinteoirí.

Aighneacht scríofa ó mhúinteoir

Chuir ISTA frustrachas in iúl maidir leis an méadú sna marcanna a bhronntar don scrúdú deiridh. Roimhe seo, bronnadh 35% de na marcanna foriomlána ar an gcomhpháirt obair chúrsa d'Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí.

Cuirfidh roinnt scoláirí an-bhrú orthu féin ITS a chur i gcrích agus ní éireoidh leo grád maith a bhaint amach. Tá díomá orm gur fiú níos mó marcanna an scrúdú deiridh don tSraith Shóisearach chun grád a bhaint amach i gcomparáid leis an scrúdú roimhe seo. B'fhiú 65% den ghrád iomlán scrúdú an Teastas Sóisearaigh roimhe seo. Níor cheart go gcuirfid an bhéim sin ar an ngrád amháin, ach tá aon ní a laghdaíonn an brú agus an strus a chuirtear ar an scoláire [go maith] i mo thuairim féin.

Dúirt múinteoirí Eolaíochta go raibh orthu a bpleanáil a athbhreithniú mar thoradh ar a dtaithe ar an gcéad timthriall agus ar fhormaid an scrúdaithe agus stíl na gceisteanna.

Ní dhéanfaimid an rud céanna an bhliain seo chugainn, sílim go dteastaíonn níos mó taithe ar shonraí a anailísiú ó mo scoláirí... ag breathnú ar fhaisnéis nach bhfaca siad riamh agus ag freagairt ceisteanna uirthi... is gníomhaíocht nua é sin dóibh agus ní mór dóibh a foghlaim conas a thugtar faoi.

Aiseolas múinteora ó ghrúpa fócais

Tuairisciú

Chuir múinteoirí a ghlac páirt san athbhreithniú fáilte mhór go forleathan roimh an bhfócas nua a chuirtear ar léargas níos leithne ar ghnóthachtáil a thuairisciú agus roimh an mbéim a chuirtear ar an aiseolas sa tsraith shóisearach. Chuir roinnt múinteoirí in iúl go gcreideann siad go n-aithníonn an fócas nua sin an *dea-chleachtas* a bhí i scoileanna timpeall na tíre cheana féin, agus dúirt múinteoirí eile go raibh sé mar spreagadh dóibh béim bhreise a chur ar dheiseanna inar féidir leo aiseolas a thabhairt don scoláire ar conas is féidir leis dul chun cinn a dhéanamh ina fhoghlaim.

Cáineadh an t-am a eisítear Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) agus é ar leithligh ó thorthaí Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus síltear go bhfuil sé ar cheann de na cúinsí nach bhfuil meas ar luach MRBanna.

Bíonn dearmad déanta acu ar an tSraith Shóisearach agus ar MRBanna faoin am a bhfaigheann siad Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí agus is é an rud a fhaigheann siad ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit an t-aon rud atá tábhachtach, cén fáth nach féidir a marc do MRB a chur san áireamh sa mhéid sin?

Aiseolas múinteora ó chuairt ar scoil

Thug múinteoirí le fios go bhféadfadh go gcuirfeadh PGSS go mór leis na cineálacha éagsúla foghlama agus go mbeadh sé mar chomóradh ar dheireadh na sraithe sóisearaí, ach arís, chuir an t-am a bhaineann le PGSS bac ar dhaoine an poitéinseal sin a bhaint amach.

Tá sé seafóideach faoi láthair, níl meas ag aon duine air – is cuma leo faoi faoin am a bhfaigheann siad é. Ní mór dóibh é a fháil níos túisce, ag an am céanna is a fhaigheann siad a dtorthaí scrúduithe.

Ní thuigean tuismitheoirí cad atá i gceist leis ach an oiread. Ní thuigean siad an fáth a bhfaightear dhá shraith torthaí. Feicim féin, mar thuismitheoir, go mbaineann an-luach le PGSS i gcomhthéacs na timpeallachta foghlama níos leithne, ach tá ár gcultúr anseo in Éirinn bunaithe ar thorthaí scrúduithe.

Aiseolas múinteora ó ghrúpa fócais

Bhí tionchar ag an am a eisítear PGSS ar ionchuimsiú agus cothroime freisin mar ní fhaigheann scoláirí a thugann faoi Chláir Foghlama Leibhéal 2 aon cheo ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit tráth a bhfaigheann a gcomhscoláirí a dtorthaí. Síltear nach gcuirtear luach lena ngnóthachtáil.

Tá trua agam do na leanaí a thugann faoi leibhéal 2 agus dá dtuismitheoirí, ní fhaigheann siad aon ní i Meán Fómhair agus bíonn orthu fanacht míonna fada le fáil amach cad a deir an PGSS fúthu?

Aiseolas múinteora ó ghrúpa fócais

B'údar inní é an teanga a úsáidtear chun tuairisciú ar MRB do roinnt múinteoirí, go háirithe an tuairisceoir 'Níor chomhlíon na hionchais go fóill'.

Ní bealach cuí é 'Níor chomhlíon na hionchais go fóill' chun cur síos a dhéanamh ar fhoghlaim an scoláire. Tráth a bhfuiltear ag cur béim ollmhór ar fholláine an scoláire agus ar mheon fáis, níor cheart go dtuairisceoimis ar an bhfoghlaim mar sin ar chor ar bith.

Aiseolas múinteora ó ghrúpa fócais

Bhí fianaise ar easpa tuisceana maidir le caighdeáin agus na tuairisceoirí a bhronnadh, chreid roinnt daoine go n-úsáidtear an tuairisceoir chun cur síos a dhéanamh ar an scoláire seachas an píosa oibre.

Ní lipéad dearfach é 'Níor chomhlíon na hionchais go fóill' a thabhairt do scoláire a rinneadh a iarracht is fearr ach nach mbaineann na critéir le haghaidh 'ag teacht le hionchais' amach mar thoradh ar mhíchumais foghlama nó cúinsí eile. Tá na gnéithe cáilíochta don IES an-doiléir agus suibiachtúil – ní fheicim conas a chumasaíonn sé measúnú cothrom ar na scoláirí uile sa chohórt náisiúnta.

Aighneacht scríofa ó ISTA

Níor thaitin an córas nua grádaithe a úsáidtear chun tuairisciú ar scrúduithe deiridh na sraithe sóisearaí le múinteoirí ná le tuismitheoirí agus bhí inní orthu faoi na bandaí leathana grádaithe, agus ba é ardtuillteanas an grád a raibh an méid ba mhó inní faoi. Dúirt neart múinteoirí gur fearr leo córas grádaithe a léireodh difríocht ní ba mhó idir gnóthachtáil.

Tá an banda le haghaidh arduillteanais i bhfad róleathan. Cuireann sé frustrachas ar na scoláirí agus bíonn deacracht ag na tuismitheoirí é a thuiscint. Ní chuirtear mórán in iúl don scoláire faoina fhoghlaim mar tá an banda chomh leathan, agus níl sé cothrom do scoláirí atá níos airde ar an mbanda.

Aiseolas múinteora ó ghrúpa fócais

Cuireann an banda arduillteanais frustrachas orm. Tá sé i bhfad róleathan. Ní chuidíonn raon an bhanda leis seo. Ní mór é a athrú. Ní thuigim an fáth ar cruthaíodh banda chomh leathan sin ar an gcéad dul síos. Faigheann scoláire ag 74% an grád céanna is a fhaigheann scoláire ag 55%.

Aiseolas múinteora ó chuairt ar scoil

Thug scoláirí a chuir na scrúduithe deiridh le haghaidh na dtrí ábhar nua don tsraith shóisearach, is iad sin, Béarla, Staidéar Gnó agus Eolaíocht, le fios nach raibh siad sásta leis an mbanda gráid áirithe seo ach an oiread. Shíl siad gur cheart go mbeadh baint dhíreach idir an méid iarrachta a dhéantar agus an tuairisceoir a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an ngnóthachtáil.

Níl sé cothrom nuair a dhéanann tú an méid sin oibre agus faigheann duine eile nár chuir an iarracht chéanna isteach an marc céanna.

Aiseolas scoláire ó chuairt ar scoil

Chuir múinteoirí sna grúpaí fócais agus sna cuairteanna ar scoileanna in iúl go raibh inní orthu faoin líon íseal grád ‘pas le gradam’ a baineadh amach i scrúduithe Staidéar Gnó agus Eolaíochta in 2019 i gcomparáid leis an líon grád A a bronnadh in 2018, cé gur maíodh go bhfuil an banda grádaithe le haghaidh ‘pas le gradam’ (90%+) níos cúinge ná an grád A a bhí ann sa teastas sóisearach roimhe seo (85%+).

Thug múinteoirí le fios nach raibh tuismitheoirí ná scoláirí a raibh taithí acu ar an seanchóras grádaithe cinnte faoin mbrí atá leis na tuairisceoirí.

D’athraíomar an bealach a ndéanaimid cumarsáid agus mar a thuairiscímid ar an bhfoghlaim do tuismitheoirí. Mar sin féin, mothaím nach dtuigeann tuismitheoirí an córas nua seo. Mothaím, ó mo thaithí a bheith ag éisteacht le mo scoláirí féin ar lá na dtorthaí, go bhfuil níos lú measa ag tuismitheoirí agus scoláirí araon ar na torthaí le haghaidh ábhair nach dtugtar grád A, B, C, srl., dóibh.

Aighneacht scríofa ó mhúinteoir

Thug múinteoirí le fios sna grúpaí fócais go bhfeabhsódh an scéal seo de réir mar a théann daoine i dtaithe ar an bpróiseas sna blianta amach romhainn.

Tá sé cosúil le bheith ag aistriú ón míle chuig an gciliméadar, tógann sé roinnt ama chun dul i dtaithe air.

Aiseolas múinteora ó ghrúpa fócais

Réimsí eile plé

Fuarthas aiseolas an-saibhir agus úsáideach mar thoradh ar gach gné den chomhairliúchán. Seo a leanas na réimsí aiseolais a fuarthas nach n-ailíníonn leis na príomhthéamaí ar ar tuairiscíodh thuas.

An t-aistriú chuig an tsraith shinsearach

Rinneadh neart plé ar an aistriú chuig an tsraith shinsearach le linn an athbhreithnithe ar an léargas luath. Tharraing múinteoirí Eolaíochta agus Staidéar Gnó aird ar na gnéithe dearfacha agus dúshlánacha a bhaineann leis an aistriú chuig an tsraith shinsearach don scoláire. Tá feasacht ann sa dá réimse ábhair go bhfuil gá le forbairtí ar an tsraith shinsearach a ailíniú leis an tsraith shóisearach athbhreithnithe. Maidir leis na teorainneacha leathana grádaithe agus an sciar íseal *'pas le gradam'* a bhronn Coimisiún na Scrúduithe Stáit sa dá ábhar, labhair múinteoirí faoin deacracht a shíltear atá ann sna hábhair agus go bhfuil eagla ar neart múinteoirí go mbeidh drochthionchar aige sin ar an líon scoláirí a roghnaíonn an t-ábhar don tsraith shinsearach.

Roimhe seo bhíodh leanaí in ann fuair mé A, táim go maith ag an ábhar sin, tabharfaidh mé faoi don Ardteistiméireacht, anois síleann siad nach bhfuil bua acu san ábhar mura bhfaigheann siad ach arduillteanas agus ní thabharfaidh siad faoi don Ardteistiméireacht.

Aiseolas múinteora ó ghrúpa fócais

Maidir le Staidéar Gnó, mar a luadh cheana, cuireadh imní in iúl san athbhreithniú seo maidir le líon na scoláirí a roghnóidh ábhair a bhaineann leis an staidéar gnó don tsraith shinsearach, agus bhí an imní sin le brath go láidir i measc múinteoirí Cuntasaíochta a dúirt nach dtugann scoláirí faoi dhóthain ullmhúcháin le haghaidh Chuntasaíochta na sraithe sinsearaí sa tsraith shóisearach athbhreithnithe agus go mbeadh Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta ní ba tharraingtí do scoláirí na sraithe sóisearaí.

Tá feasacht sa dá réimse ábhair go bhfuil gá le forbairtí ar an tsraith shinsearach a ailíniú leis an tsraith shóisearach athbhreithnithe, agus ba mhinic a luadh Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta sa chomhthéacs seo. Cuireadh imní in iúl faoin laghdú san ábhar cuntasaíochta ar shonraíocht an Staidéir Gnó agus bhí an cheist seo i gcroílár roinnt plé a rinneadh i ngrúpaí fócais. Arís, baineann an scéal seo leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí ar líon na scoláirí a roghnaíonn an Chuntasaíocht mar ábhar don tsraith shinsearach. Bhí múinteoirí imníoch faoin leibhéal réamheolais a bheadh ag an scoláire a roghnaíonn an Chuntasaíocht mar ábhar don Ardteistiméireacht ar an gcleachtas Cuntasaíochta agus go mbeadh tionchar aige sin ar an teagasc agus an fhoghlaim i gCuntasaíocht na sraithe sinsearaí.

Ní raibh sé seo dúshlánach do mhúinteoirí i gcásanna áirithe, agus tharraing siad aird ar na bearta a glacadh ina scoileanna féin chun dul i ngleic leis na fadhbanna seo, lena n-áirítear béim a chur ar an rogha Airgeadas á chur i ngníomh do MRB1 agus ag forbairt modúl don Idirbhliain chun eolas, tuiscint agus scileanna an scoláire a fhorbairt a thuilleadh.

Spéisiúil go leor, nuair a iarradh ar scoláirí faoi na cúinsí a raibh tionchar acu ar a rogha ábhar don tsraith shinsearach, mhol scoláirí gurb é an múinteoir an cúinse ba shuntasáí agus go raibh mian chun a gcuid roghanna a choinneáil oscailte ar an dara cúinse ba shuntasáí.

Roghnaigh mé an Fhisic mar bhí [ainm an mhúinteora] agam san Idirbhliain agus bhain mé an-taitneamh as a ranganna agus shíl mé go raibh siad an-suimiúil.

Roghnaigh mé ábhar Eolaíochta chun mo chuid roghanna a choinneáil oscailte.

Déanaim Staidéar Gnó mar tá [ainm an mhúinteora] go deas.

Bhí orm mo chuid roghanna a choinneáil oscailte, agus roghnaigh mé an Bhitheolaíocht mar tá sé ar an gceann is éasca de na hEolaíochtaí agus dúirt mo dheirfiúr go n-éireodh liom dá bhfoghlaimeoinn i gceart í.

Aiseolas scoláire ó chuairt ar scoil

Tacaíochtaí i nGaeilge

Labhair múinteoirí i nGaelcholáistí agus i scoileanna Gaeltachta faoi rochtain ar acmhainní. Níl tromlach na dtacaíochtaí breise a forbraíodh don tsraith shóisearach lasmuigh den príomhsholáthar Forbartha Gairmiúla Leanúnaí ar fáil ach i mBéarla amháin agus creideann múinteoirí go dtacódh rochtain ar na tacaíochtaí sin i nGaeilge le teagasc, foghlaim agus measúnú sna scoileanna sin

Tá sé deacair teacht ar acmhainní – tá siad ar fáil as Béarla ach níl siad ann as Gaeilge. Tá easpa acmhainní ann cinnte – ba mhaith linn níos mó tacaíochta.

Tá sé deacair acmhainní a fháil i nGaeilge – tá go leor ann i mBéarla, ach níl acmhainní comhchosúla ar fáil i nGaeilge.. Tá easpa acmhainní ann agus ba mhaith linn ní ba mhó tacaíochta a fháil.

Aiseolas múinteora ó chuairt ar scoil

Clár Scoile na Sraithe Sóisearaí

Chuirfeadh múinteoirí a bhfuil taithí acu ar Chlár Scoile na Sraithe Sóisearaí, agus a úsáideann na sonraíochtaí nua chun pleanáil don teagasc, foghlaim agus measúnú laistigh de Chlár Scoile na Sraithe Sóisearaí fáilte roimh athbhreithniú ar ráitis Chlár Scoile na Sraithe Sóisearaí. Thug roinnt múinteoirí le fios go mothaíonn siad go bhfuil an seans ann go ndéanfar Clár Scoile na Sraithe Sóisearaí a chuimsiú sa tsraith shóisearach agus luaigh siad gur léir dóibh gur forbraíodh é ina *chineál tacaíocht anois* mar go spreagann an tsraith shóisearach nua an cineál rannpháirteacha a mholtar i gClár Scoile na Sraithe Sóisearaí.

Cumarsáid le tuismitheoirí

Tharraing múinteoirí Staidéar Gnó agus Eolaíochta aird ar na dúshláin a bhaineann le cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí faoin na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm ar an tsraith shóisearach. Chonacthas gur chuir na cuir chuige nua don mheasúnú, is iad sin na MRBanna, an Tasc Measúnaithe agus an scrúdú deiridh, mearbhall ar thuismitheoirí, agus bhí deacracht ag múinteoirí a chinntiú go dtuigeann tuismitheoirí an luach a bhaineann leis na MRBanna cé nach raibh siad mar chuid den ghrád deiridh don scrúdú.

Nílimid in ann é a mhíniú do thuismitheoirí agus tá sé an-tábhachtach go bhfeiceann tuismitheoirí an luach a bhaineann leis na MRBanna. Tá sé an-deacair a mhíniú nach fjú céatadán ar bith iad.

Aiseolas múinteora ó chuairt ar scoil

Mhóthaigh neart múinteoirí gur chuir an teanga dhifriúil a úsáidtear sa tuairisciú ar ghnóthachtáil an scoláire sna MRBanna agus sa scrúdú deiridh leis an bhfadhb seo. Dúirt múinteoirí go raibh tuismitheoirí buartha faoi na bandaí leathana grádaithe don scrúdú deiridh agus faoin líon íseal 'pas le gradam' a bhain scoláirí amach sa scrúdú deiridh.

Na chéad chéimeanna eile

Bailíodh aiseolas agus léargas don athbhreithniú seo ó mhúinteoirí, scoláirí agus páirtithe leasmhara nuair a chuir an chéad ghrúpa scoláirí sonraíochtaí Staidéar Gnó agus Eolaíochta na Sraithe Sóisearaí i gcrích. Is iad an dá ábhar seo atá mar chéim a dó de chur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach (2015).

Cé gur cuireadh an t-aiseolas i láthair sa tuarascáil seo faoi cheithre phríomhthéama, déantar aiseolas a bhreithniú faoin dá cheannteideal seo a leanas sa chuid seo den tuarascáil:

- Aiseolas a bhaineann le sonraíochtaí Staidéar Gnó agus Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí
- Aiseolas a bhaineann leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015).

Aiseolas a bhaineann le sonraíochtaí Staidéar Gnó agus Eolaíocht na

Sraithe Sóisearaí

Moltar san aiseolas gur fáiltíodh go forleathan roimh na sonraíochtaí nua. Mar sin féin, baineann na dúshláin is mó do roinnt múinteoirí leis na sonraíochtaí a scríobhadh i dtéarmaí torthaí foghlama a úsáid chun pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim lena scoláirí. Tarraingíodh aird san athbhreithniú ar an taithe éagsúil a bhí ag múinteoirí agus scoileanna ar na sonraíochtaí a chur i bhfeidhm ina seomraí ranga agus ar a gcleachtas a chur in oiriúint, mar is cuí, chun an fhís don foghlaim, mar a leagtar amach sa Chreat (2015) í, a léiriú ann.

Rachaidh CNCM i dteagmháil leis an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí chun tuilleadh soiléireachta a chur ar fáil chun dul i ngleic leis an imní atá ar mhúinteoirí faoin bpleanáil a dhéanamh don teagasc agus don fhoghlaim ag úsáid na dtorthaí foghlama, agus féachfar le cinntiú go mbeidh neamhspleáchas ag múinteoirí agus scoileanna a bpleanáil féin a dhéanamh bunaithe ar a gcomhthéacs áitiúil.

D'fhonn dul i ngleic leis na fadhbanna a bhí ag múinteoirí a oibríonn i nGaelcholáistí agus i scoileanna Gaeltachta, leanfaidh CNCM ar aghaidh ag oibriú le scoileanna san earnáil sin mar chuid den phróiseas Deimhnithe Cáilíochta chun samplaí de shaothair i nGaeilge a fhoilsiú. Beidh aistriúcháin Ghaeilge ar nótaí múinteoirí ar na saothair MRB reatha a bailíodh ó scoileanna Béarla ar fáil ar www.curriculumonline.ie.

Rachfar i ngleic leis na húdair imní faoin dul chun cinn ón tsraith shóisearach chuig an tsraith shinsearach mar chuid de na gníomhaíochtaí a thagann chun cinn ón athbhreithniú ar an tsraith shinsearach, agus mar chuid den athfhorbairt leanúnach ar shonraíochtaí curaclaim don tsraith shinsearach. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar Fhísic, Ceimic agus Bitheolaíocht na hArdteistiméireachta faoi láthair. Sa chomhthéacs sin, tabharfar aird ar leith ar dhul i ngleic leis na dúshláin ar tharraing múinteoirí aird orthu maidir leis na torthaí foghlama a úsáid chun pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim lena scoláirí. Tugadh sonraíocht athbhreithnithe d'Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta isteach sa bhliain 2019 agus rinneadh í a ailíniú leis an tsonraíocht do Staidéar Gnó na sraithe sóisearaí. I measc na ngníomhaíochtaí a thagann chun cinn mar thoradh ar an athbhreithniú ar an tsraith shinsearach is dócha go mbeidh sceidil ar fhorbairt churaclaim, chomh maith le comhpháirteanna curaclaim agus réimsí na sraithe sinsearaí atá le hathbhreithniú a shainnithint agus tús áite a thabhairt dóibh. Sa chomhthéacs sin, tá an seans ann go ndéanfaí Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta agus Staidéar Gnó na hArdteistiméireachta a bhreithniú.

Táthar ag súil go gcuirfear tús le staidéar taighde fadama ar mheastóireacht ar thionchar an Creat don tSraith Shóisearach (2015) a thabhairt isteach sa tríú ráithe de 2020. Beidh an léargas a bailíodh ar an gcur i bhfeidhm luath agus a shonraítear sa tuarascáil seo mar bhonn eolais faoin staidéar taighde fadama. Is deis iontach é seo do CNCM an bealach a ndéanann scoileanna teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú a ailíniú mar aon leis na dúshláin a bhíonn acu sa phróiseas sin a fhiosrú ar bhealach níos mionsonraithe. D'fhéadfadh go mbeadh na rudaí seo a leanas mar chuid den fhiosrú sin, i measc nithe eile: béim ar an gcaoi a n-úsáideann scoileanna na cáipéisí a foilsíodh ar shonraíochtaí na n-ábhar agus na treoirlínte measúnaithe chun pleanáil don teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú.

Aiseolas a bhaineann leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015).

Rinneadh tagairt do chur i bhfeidhm níos leithe an Chreata don tSraith Shóisearach san athbhreithniú freisin. Ní mór na húdair imní sin a bhreithniú i bpáirt le chéile leis na hiarmhairtí a thagann chun cinn ón Athbhreithniú ar an Léargas Luath ar an mBéarla. Tuairiscítear an t-aiseolas a leagtar amach thíos le go mbeidh na páirtithe leasmhara uile atá rannpháirteach i gcur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach in ann é a bhreithniú agus beidh sé mar bhonn eolais faoin staidéar taighde fadama a dhéanfar ar mheastóireacht ar thionchar an Creat don tSraith Shóisearach (2015) a thabhairt isteach.

Am gairmiúil

Tugadh am gairmiúil isteach do mhúinteoirí chun tacú le scoileanna agus iad ag cur an Creat don tSraith Shóisearach i bhfeidhm. Cuireann múinteoirí an-luach leis an am seo agus chun tacú le pleanáil

don teagasc, foghlaim agus measúnú agus baintear leas as ar bhealaí éagsúla i scoileanna difriúla. Labhair múinteoirí a d'fhreastail ar na seisiúin leis na grúpaí fócais go dearfach faoin deis lena dtaithe ar an am gairmiúil a roinnt agus thug roinnt múinteoirí samplaí ar an gcleachtas éifeachtach maidir le húsáid an ama ghairmiúil agus d'fhéadfadh go mbeidh an cleachtas sin úsáideach mar thacaíocht bhreise do scoileanna agus múinteoirí agus iad ag pleanáil a gcuid ama ghairmiúil.

Tacaíochtaí do thuismitheoirí

Chuirfí fáilte roimh fheachtas faisnéise do thuismitheoirí chun tacú leo tuiscint a fháil ar na cuir chuige nua i leith an mheasúnaithe agus an córas grádaithe nua do MRBanna agus don scrúdú deiridh. D'fhéadfaí an feachtas sin a scaipeadh trí Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí agus trí na scoileanna féin ag ócáidí faisnéise sa tráthnóna do thuismitheoirí, ag cruinnithe tuismitheora-múinteora agus mar fhaisnéis phriontáilte nó dhigiteach a d'fhéadfaí a chur ar fáil le tuairiscí scoile agus le comhfhreagras eile a sheoltar chuig tuismitheoirí.

Measúnú Rangbhunaithe

Chuir múinteoirí fáilte roimh an gcur chuige níos leithne don mheasúnú sa tSraith Shóisearach, ach mar sin féin, ní chiallaíonn sé sin nach mbaineann aon dúshlán leis. I measc na n-údar imní a tugadh le fios sa tuarascáil seo maidir leis na MRBanna bhí an luach a chuireann múinteoirí orthu ag pointí difriúla ar an gcontanam athraithe. Cuireadh roinnt údar imní in iúl chomh maith maidir le riarachán na MRBanna.

Nochtadh san athbhreithniú seo nach mór machnamh cúramach a dhéanamh ar an líon agus an spás idir na MRBanna de réir mar a thugtar níos mó ábhar isteach don tsraith shóisearach agus go gcaithfidh scoileanna pleanáil a dhéanamh ina leith. Cuireadh fáilte roimh an tréimhse níos leithne chun na MRBanna a chur i gcrích, ach caithfidh scoileanna leanúint ar aghaidh ag pleanáil a bhféilirí measúnuithe le cinntiú nach gcuirtear ualach iomarcach oibre ar an scoláire. Ba cheart nádúr an MRB a bhreithniú nuair atáthar ag cur an féilire le chéile, agus ba cheart béim shonrach a chur ar MRBanna a mbaineann próiseas leo le cinntiú go scaiptear na MRBanna amach thar tréimhse leathan ama laistigh den tréimhse a cheadaítear chun na MRBanna a chur i gcrích. Fuair ceannairí scoile tacaíocht trí sheirbhís tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí chun a bhféilire measúnuithe a phleanáil agus d'fhéadfadh go mbeadh sé úsáideach dul siar ar chuid de na tacaíochtaí agus den treoir sin i bhfianaise an méadú i líon na sonraíochtaí nua a thabharfar isteach i scoileanna.

Breathnaítear ar rochtain ar TF mar thacaíocht thábhachtach don scoláire agus é ag oibriú ar a MRBanna agus ar thionscadail eile i gcaitheamh na sraithe sóisearaí agus sinsearaí, agus do sholáthar breisoideachais agus oiliúna i roinnt scoileanna. Ní shonraítear sna Treoirínte Measúnaithe go

gcaithfear TF a úsáid chun na MRBanna a chur i gcrích, ach dúirt múinteoirí go raibh sé úsáideach dá scoláirí rochtain ar TF a bheith acu chun tabhairt faoin taighde agus go raibh sé ní b'éasca cáipéisí Word agus obair do chuir i láthair a tháirgeadh agus a stóráil go sábháilte ag úsáid an TF. Faigheann scoileanna deontas don TF faoin Straitéis Digiteach do scoileanna faoi láthair. Moladh freisin go n-oibreodh na páirtithe leasmhara le chéile chun treoir a chur ar fáil maidir leis an leas is fearr a bhaint as an deontas seo chun tacú le rochtain na scoláirí ar TF.

Mhol roinnt múinteoirí agus scoláirí gur cheart gnóthachtáil sna MRBanna a chur leis an marc a fhaightear don scrúdú deiridh chun grád ilchodach amháin a fháil don ábhar sin. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nár aontaigh gach duine leis an tuairim sin agus go mbeadh gá le machnamh cúramach a dhéanamh air i bhfianaise go raibh scaradh bhreithiúnais na múinteoirí agus breithiúnais Choimisiún na Scrúduithe Stáit i gcoilár an chomhréitigh a réitigh an t-aigneas caidrimh thionsclaíoch, agus le cinntiú nach méadófar an brú a chuirfear ar an scoláire dá bharr. Tá an seans ann go gcuirfí luach méadaithe ar na MRBanna dá dtabharfaí eisiúint Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí chun tosaigh, gan céatadán den mharc deiridh a bhronnadh as na MRBanna.

An Tasc Measúnaithe

Cuireadh in iúl go bhfuil amhras ar dhaoine faoin gcuspóir agus faoin luach a bhaineann leis an Tasc Measúnaithe. Athdhearbhaíonn sé seo toradh tuarascála roimhe seo ar chur i bhfeidhm luath Bhéarla na sraithe sóisearaí i scoileanna agus ba cheart machnamh cúramach a dhéanamh ar an ról a bheidh ag an Tasc Measúnaithe amach anseo agus más cheart go mbeadh aon ról aige.

Cruinnithe AFMÁ

Mar a sonraíodh sa tuarascáil seo, bhí an deis a chuirtear ar fáil do mhúinteoirí le comhoibriú lena chéile ar cheann de na gnéithe dearfacha a tháinig chun cinn ón bpróiseas AFMÁ agus chuir múinteoirí fáilte go forleathan roimhe. Ba cheart go bhfaigheadh múinteoirí freagraí ar na ceisteanna a chuir siad le linn an athbhreithnithe seo maidir leis an am ar cheart na cruinnithe seo a réachtáil sa soiléiriú a eisíodh le déanaí ar an gceist sin.

An Scrúdú Deiridh

Bhí an t-aistriú chuig scrúdú ag leibhéal comónta (le scrúdpháipéar amháin i gcás Staidéir Gnó) sách dúshlánach do mhúinteoirí. D'fhéadfadh go mbeadh sé cabhrach míniú ní ba shoiléire a chur ar fáil don réasúnaíocht don aistriú ó dhá leibhéal (ardleibhéal agus gnáthleibhéal) chuig leibhéal comónta.

Cáineadh na bandaí leathana grádaithe ag Ardtuillteanas agus Tuillteanas agus an banda caol le haghaidh Pas le Gradam, mar laghdaítear an líon scoláirí ar a mbronntar an ghnóthachtáil is airde leis. Cuireadh tuairim in iúl san athbhreithniú seo maidir leis an mbanda Ardtuillteanais agus ba é sin go bhfuil sé éagothrom ar an scoláire a gheobhadh grád 'A' roimhe seo le 85% ach a fhaigheann an grád céanna is a fhaigheann scoláire le 75% faoin gcóras nua.

Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí

Cáineadh an t-am a n-eisítear Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí go forleathan ar fud an athbhreithnithe. Ba mhian le daoine go mbeadh Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí ar fáil ar an dáta céanna a n-eisítear torthaí na scrúduithe stáit toisc go gcuirfeadh sé íomhá ní ba leithne d'fhoghlaim an scoláire ar fáil do thuismitheoirí. D'aithneodh sé sin gnóthachtáil an scoláire a thugann faoi Chláir Foghlama Leibhéal 2 ag an am céanna a n-aithneofaí gnóthachtáil a chomhscoláirí.

Aguisín a hAon

Cuairteanna scoile don athbhreithniú

Scoil A	Meánscoil dheonach chomhoideachais
Scoil B	Scoil BOO chomhoideachais, a sholáthraíonn Clár Scoile na Sraithe Sóisearaí
Scoil C	Pobalscoil/Scoil Chuimsitheach, chomhoideachais, a bhfuil stádas DEIS aici, a sholáthraíonn Clár Scoile na Sraithe Sóisearaí
Scoil D	Meánscoil dheonach chomhoideachais
Scoil E	Meánscoil dheonach aonghnéis
Scoil F	Scoil BOO chomhoideachais, Gaelcholáiste

Aguisín a Dó

Clár Oibre d'Éascaitheoirí – Athbhreithniú ar an Léargas Luath ar Staidéar Gnó agus Eolaíocht na sraithe sóisearaí (Céim 2) Léargas breise ón mBéarla (Céim 1)		
<p>Beidh an fhís don tSraith Shóisearach i gcroílár an tseisiúin seo. Cuimsítear san fhís seo a bhfuil tábhachtach a bheith ar eolas ag gnáthscoláire atá 15 bliana d'aois, cad ar cheart dó a thuiscint, cad ar cheart dó luach a chur leis agus cad ar cheart dó a bheith in ann a dhéanamh faoi dheireadh na sraithe sóisearaí. Labhróimid faoin aiseolas a fuarthas ó rannpháirtithe faoi na comhpháirteanna éagsúla den tsonraíocht a ailíníonn leis an bhfís seo don tSraith Shóisearach agus faoin mbealach a dtacaíonn na gnéithe measúnaithe (lena n-áirítear samplaí de shaothar an scoláire, MRBanna, Cruinnithe AFMÁ agus tuairisciú) leis sin.</p>		
10.30 r.n.	Fáilte agus seoladh	<p>Iarr ar na rannpháirtithe iad féin agus a scoil/a n-eagraíocht a chur i láthair</p> <p>Cuir na bunrialacha i gcuimhne do na rannpháirtithe:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Am – tá clár oibre cruógach againn, caithfear cloí leis an am a leagtar amach sa chlár oibre a oiread agus is féidir • An próiseas: breathnóireachtaí a thaifeadadh agus aiseolas a fháil – ní ag freagairt ceisteanna, ag déanamh cinntí, ag míniú ná ag soiléiriú • Ní nascfar aon tuairim a thaifeadfar le haon duine ná scoil • Ba cheart go gcloisfí guth gach duine
An tsonraíocht, pleanáil agus dearadh tascanna		
10.40 r.n.	C.1 An gcuirtear a bhfuil tábhachtach a bheith ar eolas ag an scoláire, cad ar cheart dó a thuiscint, cad ar cheart dó luach a chur leis agus cad ar cheart dó a bheith in ann a dhéanamh i dtrí bliana na sraithe sóisearaí in iúl go soiléir sa tSonraíocht? An bhfuil aon ní in easnamh?	<p>Cuireann na héascaitheoirí an phríomhcheist agus breactar nótaí síos.</p> <p>Más gá, stiúrfaidh na héascaitheoirí na rannpháirtithe i dtreo na dTorthaí Foghlama sa tSonraíocht</p> <p>Béarla:</p> <p>Staidéar Gnó</p> <p>Eolaíocht:</p>

	C.2 Cad iad na deiseanna agus na dúshláin a bhí ag do roinn ábhair nuair a d'úsáid sibh na torthaí foghlama chun pleanáil don teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú? Cad a d'athraigh tú i do chleachtas mar mhúinteoir/roinn ábhair?	Cuireann na héascaitheoirí ceisteanna maidir le pleanáil agus breactar nótaí síos
Samplaí d'Obair na Scoláirí		
11.20 r.n.	C.3 Cén chaoi ar úsáid tú na Samplaí de Shaothar an Scoláire a foilsíodh ar www.curriculumonline.ie ? An bhfuil aon tuairim nó moladh agat ina leith?	Cuireann na héascaitheoirí an phríomhcheist agus breactar nótaí síos
Measúnú Rangbhunaithe 1 agus 2		
11.40 r.n.	C.4 Céard iad na buanna agus na dúshláin a bhain leo go dtí seo? An bhfuil aon aiseolas agat ar an dá MRB a shonraítear sna Treoirínte Measúnaithe?	Cuireann na héascaitheoirí an phríomhcheist agus breactar nótaí síos Cuireann na héascaitheoirí an cheist leantach. Tabhair cóip de na Treoirínte Measúnaithe do na rannpháirtithe, más gá Béarla: Staidéar Gnó Eolaíocht: Cuireann na héascaitheoirí an phríomhcheist agus breactar nótaí síos
12.00-12.20 i.n. Sos chun Síneadh – Caife/Tae ar fáil		
Measúnú Rangbhunaithe 2:		
12.20 i.n.	C.5 Cén t-aiseolas atá agat ar do thaithí ar bheith rannpháirteach sna cruinnithe don Athbhreithniú ar	Cuireann na héascaitheoirí an phríomhcheist agus breactar nótaí síos

	Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair? (don dá MRB)?	
An Tasc Measúnaithe		
12.40 i.n.	C.6 Céard iad na buanna agus na dúshláin a bhain leis an Tasc Measúnaithe go dtí seo?	Cuireann na héascaitheoirí an phríomhcheist agus breactar nótaí síos Cuir cóip den Tasc Measúnaithe ar fáil, más gá.
An Scrúdú Deiridh		
1.00 i.n.	C.7 Céard iad na buanna agus na dúshláin a bhain leis an Scrúdú Deiridh go dtí seo?	Cuireann na héascaitheoirí an phríomhcheist agus breactar nótaí síos Cuir cóip de na scrúdpháipéir ar fáil, más gá.

Imeachtaí comhairliúcháin do mhúinteoirí

Ceisteanna breise ar bhonn grúpa: 1.20 i.n.-1.40 i.n.		
Tábla ar an Tuairisciú 1 + 2	Tábla ar na Príomhscileanna 3 + 4 + 5	Tábla ar Liostaí Téacsanna Béarla 6 + 7
<p>C.9 Ar tháinig athrú ar an mbealach a ndéanann tú cumarsáid agus mar a thuairiscíonn tú ar fhoghlaim agus gnóthachtáil do scoláirí agus do thuismitheoirí?</p> <p>Cuireann na héascaitheoirí an phríomhcheist agus breactar nótaí síos.</p> <p>Cuir cóip den PGSS samplach ar fáil, más gá.</p>	<p>C.9 Cá mhéad a chuidíonn foghlaim an scoláire sa tSraith Shóisearach leis an scoláire chun na príomhscileanna a leagtar amach sa Chreat don tSraith Shóisearach a fhorbairt?</p> <p>Cuireann na héascaitheoirí an phríomhcheist agus breactar nótaí síos.</p>	<p>C.11 An dtugann an forbheathnú ar an gcúrsa agus an liosta de théacsanna soiléiriú ar an raon téacsanna a fhiosrófar agus ar na roghanna atá ar fáil don scoláire/don mhúinteoir?</p> <p>Cuireann na héascaitheoirí an phríomhcheist agus breactar nótaí síos.</p> <p>Cuir cóip den liosta reatha de théacsanna ar fáil, más gá.</p>
1.40i.n. Buíochas agus Lón Éadrom		
Corcaigh	12 Samhain 2019	
Gaillimh	18 Samhain 2019	
Baile Átha Cliath	5 Nollaig 2019	

Aguisín a trí



Teimpléad don aiseolas scríofa maidir le Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí

Tabharfaidh CNCM faoi athbhreithniú eatramhach ar shonraíocht an ábhair agus na measúnuithe a bhaineann leis de réir mar a chuireann grúpa iomlán scoláirí ábhar de chuid na Sraithe Sóisearaí nua i gcrích.

D'fhonn léargas a fháil ar an taithí a bhaineann leis an tSraith Shóisearach nua a chur i bhfeidhm i scoileanna, tá aiseolas á lorg againn ó mhúinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí agus daoine eile (m.sh. cumainn ábhair, oideachasóirí tosaigh múinteoirí) maidir leis an tsonraíocht do Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí.

Tá ceithre cheist leathana mar bhonn agus mar thaca ag an athbhreithniú seo:

- An éiríonn leis an tsonraíocht dul go croí na nithe sa Staidéar Gnó a gcuirimid luach orthu?
- An dtacaíonn an tSonraíocht leis an bhfoghlaim lena bhfuiltear ag súil laistigh den Chreat don tSraith Shóisearach?
- Cén chaoi a bhfuil ag éirí leis an measúnú agus an tuairisciú léargas níos leithne ar fhoghlaim an scoláire a chur in iúl?
- Céard iad na deiseanna – agus na dúshláin – a bhí ag scoileanna/múinteoirí/scoláirí mar ar cuireadh an tsonraíocht i bhfeidhm sa chleachtas?

Fiosraítear na réimsí sin go mion sna leideanna plé thíos. Úsáid na leideanna thíos chun aiseolas scríofa a thabhairt ar Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí agus seol d'aiseolas scríofa i ríomhphost chuig consultations@ncca.ie. **Sonraigh 'Aiseolas ar Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí' i líne ábhair an ríomhphost. Ní mór an t-aiseolas a chur isteach faoi Dé Céadaoin, 11 Nollaig 2019.**

Torthaí foghlama:

- An gcuirtear a bhfuilimid ag súil go mbeadh ar eolas ag an scoláire, céard a thuigfidh sé agus céard ar cheart dó a bheith in ann a dhéanamh i dtrí bliana na sraithe sóisearaí in iúl go soiléir sna torthaí foghlama? An bhfuil aon ní in easnamh? An bhfuil aon cheann de na torthaí foghlama doiléir/an raibh deacracht agat le haon cheann díobh?

Pleanáil agus dearadh tascanna:

- Céard iad na deiseanna agus na dúshláin a bhí ag do roinn ábhair nuair a d'úsáid sibh na torthaí foghlama chun pleanáil don teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú?
- An bhfuil aon aiseolas agat maidir leis na torthaí foghlama a shoiléiriú; aonaid oibre agus tascanna a dhearadh; agus na critéir ratha a úsáid chun comhrá a dhéanamh leis an scoláire faoina fhoghlaim?

Ionchuimsiú:

- I do thuairim féin, cé chomh maith is a éiríonn leis an tsonraíocht agus na measúnuithe an contanam iomlán a bhaineann le hinniúlacht agus taithí a chur san áireamh? Deiseanna? Dúshláin?
- An bhfuil aon aiseolas agat maidir leis an tsonraíocht do Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí a chomhtháthú le cláir foghlama Leibhéal 2 agus/nó cur chuige Chlár Scoile na Sraithe Sóisearaí?

Samplaí de shaothar an scoláire:

- Cén chaoi ar úsáid tú na Samplaí de Shaothar an Scoláire a foilsíodh ar www.curriculumonline.ie? An bhfuil aon tuairim nó moladh agat ina leith?

Measúnú Rangbhunaithe 1: Gnó á chur i ngníomh:

- Céard iad na buanna agus na dúshláin a bhain leis go dtí seo?
- An bhfuil aon aiseolas agat ar an mbealach a ndéantar cur síos ar '*Gnó á chur i ngníomh*' sna Treoirínte Measúnaithe (lgh 8–18)?
- Cén t-aiseolas atá agat ar do thaithí ar bheith rannpháirteach sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair? (don dá MRB)?

Measúnú Rangbhunaithe 2: Cur i láthair:

- Céard iad na buanna agus na dúshláin a bhain leis go dtí seo?
- An bhfuil aon aiseolas agat ar an mbealach a ndéantar cur síos ar an '*Cur i láthair*' sna Treoirínte Measúnaithe (lgh 20–25)?

An Tasc Measúnaithe:

- Céard iad na buanna agus na dúshláin is mó a bhain le dul i ngleic leis an Tasc Measúnaithe go dtí seo?

An Scrúdú Deiridh:

- Céard iad na buanna agus na dúshláin a bhain leis an Scrúdú Deiridh go dtí seo?

Tuairisciú:

- Ar tháinig athrú ar an mbealach a ndéanann tú cumarsáid agus mar a thuairiscíonn tú ar fhoghlaim agus gnóthachtáil do scoláirí agus do thuismitheoirí?
- Céard iad na deiseanna agus dúshláin a bhí romhat?

Príomhscileanna:

- Cá mhéad a chuidíonn foghlaim an scoláire i Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí leis an scoláire chun na príomhscileanna a leagtar amach sa Chreat don tSraith Shóisearach a fhorbairt?

An t-aistriú chuig an tSraith Shinsearach:

- Cá mhéad a chuidíonn foghlaim an scoláire i Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí le cruthú foghlaimeora atá in ann aistriú chuig na héilimh a bhaineann le Cuntasaíocht, Gnó agus Eacnamaíocht na Sraithe Sinsearaí?

Teimpléad don aiseolas scríofa maidir le hEolaíocht na Sraithe Sóisearaí

Tabharfaidh CNCM faoi athbhreithniú eatramhach ar shonraíocht an ábhair agus na measúnuithe a bhaineann leis de réir mar a chuireann grúpa iomlán scoláirí ábhar de chuid na Sraithe Sóisearaí nua i gcrích.

D'fhonn léargas a fháil ar an taithí a bhaineann leis an tSraith Shóisearach nua a chur i bhfeidhm i scoileanna, tá aiseolas á lorg againn ó mhúinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí agus daoine eile (m.sh. cumainn ábhair, oideachasóirí tosaigh múinteoirí) maidir leis an tSonraíocht d'Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí.

Tá ceithre cheist leathana mar bhonn agus mar thaca ag an athbhreithniú seo:

- An éiríonn leis an tsonraíocht dul go croí na nithe san Eolaíocht a gcuirimid luach orthu?
- An dtacaíonn an tsonraíocht leis an bhfoghlaim lena bhfuiltear ag súil laistigh den Chreat don tSraith Shóisearach?
- Cén chaoi a bhfuil ag éirí leis an measúnú agus an tuairisciú léargas níos leithne ar fhoghlaim an scoláire a chur in iúl?
- Céard iad na deiseanna – agus na dúshláin – a bhí ag scoileanna/múinteoirí/scoláirí mar ar cuireadh an tsonraíocht i bhfeidhm sa chleachtas?

Fiosraítear na réimsí sin go mion sna leideanna plé thíos. Úsáid na leideanna thíos chun aiseolas scríofa a thabhairt ar Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí agus seol d'aiseolas scríofa i ríomhphost chuig consultations@ncca.ie. **Sonraigh 'Aiseolas ar Sraithe na Sraithe Sóisearaí' i líne ábhair an ríomhphost. Ní mór an t-aiseolas a chur isteach faoi Dé Céadaoin, 11 Nollaig 2019.**

Torthaí foghlama:

- An gcuirtear a bhfuilimid ag súil go mbeadh ar eolas ag an scoláire, céard a thuigfidh sé agus céard ar cheart dó a bheith in ann a dhéanamh i dtrí bliana na sraithe sóisearaí in iúl go soiléir sna torthaí foghlama? An bhfuil aon ní in easnamh? An bhfuil aon cheann de na torthaí foghlama doiléir/an raibh deacracht agat le haon cheann díobh?

Pleanáil agus dearadh tascanna:

- Céard iad na deiseanna agus na dúshláin a bhí ag do roinn ábhair nuair a d'úsáid sibh na torthaí foghlama chun pleanáil don teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú?
- An bhfuil aon aiseolas agat maidir leis na torthaí foghlama a shoiléiriú; aonaid oibre agus tascanna a dhearadh; agus na critéir ratha a úsáid chun comhrá a dhéanamh leis an scoláire faoina fhoghlaim?

Ionchuimsiú:

- I do thuairim féin, cé chomh maith is a éiríonn leis an tsonraíocht agus na measúnuithe an contanam iomlán a bhaineann le hinniúlacht agus taithí a chur san áireamh? Deiseanna? Dúshláin?
- An bhfuil aon aiseolas agat maidir leis an tsonraíocht d'Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí a chomhtháthú le cláir foghlama Leibhéal 2 agus/nó cur chuige Chlár Scoile na Sraithe Sóisearaí?

Samplaí de shaothar an scoláire:

- Cén chaoi ar úsáid tú na Samplaí de Shaothar an Scoláire a foilsíodh ar www.curriculumonline.ie? An bhfuil aon tuairim nó moladh agat ina leith?

Measúnú Rangbhunaithe 1: Iniúchadh Turgnamhach Sínte

- Céard iad na buanna agus na dúshláin a bhain leis go dtí seo?
- An bhfuil aon aiseolas agat ar an mbealach a ndéantar cur síos ar an '*Iniúchadh Turgnamhach Sínte*' sna Treoirínte Measúnaithe (lgh 12–20)?
- Cén t-aiseolas atá agat ar do thaithí ar bheith rannpháirteach sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair? (don dá MRB)?

Measúnú Rangbhunaithe 2: An Eolaíocht sa tSochaí

- Céard iad na buanna agus na dúshláin a bhain leis go dtí seo?
- An bhfuil aon aiseolas agat ar an mbealach a ndéantar cur síos ar an '*An Eolaíocht sa tSochaí*' sna Treoirínte Measúnaithe (lgh 23–32)?

An Tasc Measúnaithe:

- Céard iad na buanna agus na dúshláin is mó a bhain le dul i ngleic leis an Tasc Measúnaithe go dtí seo?

An Scrúdú Deiridh:

- Céard iad na buanna agus na dúshláin a bhain leis an Scrúdú Deiridh go dtí seo?

Tuairisciú:

- Ar tháinig athrú ar an mbealach a ndéanann tú cumarsáid agus mar a thuairiscíonn tú ar fhoghlaim agus gnóthachtáil do scoláirí agus do thuismitheoirí?
- Céard iad na deiseanna agus dúshláin a bhí romhat?

Príomhscileanna:

- Cá mhéad a chuidíonn foghlaim an scoláire in Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí leis an scoláire chun na príomhscileanna a leagtar amach sa Chreat don tSraith Shóisearach a fhorbairt?

An t-aistriú chuig an tSraith Shinsearach:

- Cá mhéad a chuidíonn foghlaim an scoláire in Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí le cruthú foghlaimeora atá in ann aistriú chuig na héilimh a bhaineann le hábhair Eolaíochta na Sraithe Sinsearaí?

Aguisín a Ceathair

Forbhreathnú ar gcúrsa do Staidéar Gnó

Dearadh an tsonraíocht don Staidéar Gnó chun an scoláire a spreagadh le léirthuisicint níos fearr a fháil don tionchar a bhíonn ag tosca eacnamaíocha agus sóisialta ar a shaol. Agus é ag dul i ngleic leis an tsonraíocht, cuirtear ar chumas an scoláire cinntí eolacha a dhéanamh, a chuid acmhainní airgeadais a bhainistiú níos fearr agus a bheith solúbtha, cruthaitheach agus fiontraíoch. Cuireann an staidéar gnó feabhas freisin ar a eolas agus ar a thuisicint ar dhea-chleachtas gnó agus ar an ngnó mar ghníomhaíocht tháirgiúil.

Tacaíonn an tsonraíocht don Staidéar Gnó le forbairt fiontraíochta, rud a chuireann le cáilíocht ár saoil chomhchoitinn agus aonair, agus go minic athraíonn sí an tslí a mbímid ag obair, i mbun cumarsáide agus ag maireachtáil. Is é is aidhm leis an tsonraíocht don Staidéar Gnó feasacht, léargas agus dearcadh dearfach a thabhairt dúinn i leith na fiontraíochta, an chaoi ar féidir leis feabhas a chur ar ár gcuid earraí, seirbhísí agus institiúidí.

Spreagtar an scoláire, tríd an tsonraíocht don Staidéar Gnó, scileanna a fhorbairt don fhoghlaim, don obair agus don saol. Cothaítear forbairt scileanna anailíseacha agus scileanna smaointeoireachta criticiúla tríd an tsonraíocht agus spreagtar an scoláire le scileanna fadhbréitigh a fhorbairt.

Fiosraíonn an staidéar gnó an t-idirspiléachas atá ann idir rath eacnamaíochta, folláine shochoaíoch agus an comhshaol agus spreagann sé an scoláire chun smaoineamh agus gníomhú mar a bheadh saoránach freagrach agus eiticíúil ann. Tabharfar scileanna bunúsacha, tuiscintí agus tréithe pearsanta don scoláire, rudaí a chabhróidh leis dul i ngleic leis an timpeallacht dhinimiciúil ghnó agus a lánacmhainneacht a bhaint amach ina shaol pearsanta agus gairmiúil.

Leagtar an fhoghlaim amach sa tSonraíocht don Staidéar Gnó i dtrí shnáithe idirnasctha, is iad sin, Airgeadas Pearsanta, Fiontraíocht agus Ár nGeilleagar. Tá 37 toradh foghlama ann agus iad scartha thar thrí snáithe. Chun níos mó béime arís a chur ar shaintréith chomhtháite na foghlama, cuirtear torthaí gach snáithe i ngrúpaí ach thagairt a dhéanamh do thrí ghné. Mo chuid acmhainní a bhainistiú, Cúrsaí gnó a fhiosrú agus Scileanna a úsáid don ghnó

Forbhreathnú ar an measúnú do Staidéar Gnó

<p>MRB1</p>	<p>Gnó á chur i nGníomh (ceithre seachtaine)</p> <p>Roghnaítear as trí rogha don tionscadal grúpa:</p> <p>Fiontraíocht á cur i ngníomh</p> <p>Airgeadas á chur i ngníomh</p> <p>Eacnamaíocht á cur i ngníomh</p>
<p>MRB2</p>	<p>Cur i láthair (3 seachtaine)</p> <p>Déanann an scoláire ábhar a bhaineann le cúrsaí gnó a iniúchadh agus é a chur i láthair.</p> <p>D'fhéadfadh go mbeadh baint dhíreach ag an ábhar a roghnaítear le sain-inneachar de chuid an chúrsa nó d'fhéadfadh an scoláire rogha a dhéanamh staidéar a dhéanamh ar shaincheist a bhfuil tábhacht phearsanta nó áitiúil léi, ar an gcuntar go mbaineann sí leis an timpeallacht ghnó.</p>
<p>An Tasc Measúnaithe</p>	<p>Tá naisc ag an Tasc Measúnachta le tosaíochtaí an Chuir i láthair, a thugann deis don scoláire a chuid eolais, scileanna agus tuisciana a chur i bhfeidhm i suíomhanna ón bhfíorshaol agus a chuid scileanna cumarsáide a fhorbairt.</p>
<p>An Scrúdú Deiridh</p>	<p>Iarrfar ar an scoláire dul i ngleic le hábhar spreagtha, a thaispeáint go dtuigeann sé é, agus freagraí scríofa a thabhairt ina thaobh. D'fhéadfadh ábhar agus leagan amach an scrúdaithe deiridh athrú ó bhliain go bliain. I mbliain áirithe ar bith, is éard a bheidh sna torthaí foghlama atá le measúnú sampla de na torthaí ó tháblaí na dtorthaí foghlama.</p>

https://www.curriculumonline.ie/getmedia/d8024ea2-ac12-4f46-bf5e-5f1ed5053cde/13751-NCCA-Specification-for-Jr-Cycle-Business-Studies-IRISH-v2_AR-1264_1.pdf

Léargas ginearálta ar an gcúrsa Eolaíochta

Dearadh an sonraíocht Eolaíochta chun an scoláire a chumasú lena litearthacht eolaíochta a fheabhsú ach forbairt a dhéanamh ar a chumas chun feiniméin a mhíniú go heolaíoch, ar a thuiscint ar fhiosrúchán eolaíochta, agus ar a chumas fianaise eolaíoch agus sonraí a léirmhíniú agus a anailísiú chun conclúidí cuí a bhaint astu.

Tá forbairt na litearthachta eolaíche tábhachtach don fhorbairt shóisialta. Mar chuid den phróiseas sin forbraíonn an scoláire an inniúlacht agus an mhuinín a theastaíonn uaidh chun aghaidh a thabhairt ar na deiseanna agus ar na dúshláin a bhainfidh le heolaíochtaí sa tsraith shinsearach, leis an bhfostaíocht, leis an mbreisoideachas agus leis an saol. Is maith is eol na tairbhí níos leithne a bhaineann le litearthacht eolaíochta, lena n-áirítear an cumas a thabhairt don scoláire cur leis an saol polaitiúil, sóisialta agus cultúrtha mar shaoránach meabhrach agus ghníomhach ag a bhfuil léirthuiscint do luachanna cultúrtha agus eiticiúla na heolaíochta. Cabhraíonn sé sin leis an scoláire cinntí eolasacha a dhéanamh faoina lán de na dúshláin agus de na deiseanna áitiúla, náisiúnta agus domhanda a bheidh roimhe agus é ag maireachtáil agus ag obair i ndomhan atá á mhúnlú níos mó agus níos mó ag eolaithe agus ag a gcuid oibre.

Ní pacáiste deas néata eolais í an eolaíocht, ná ní cur chuige céim ar chéim chun fionnachtana í. Mar sin féin, tá ar chumas na heolaíochta forbairt scileanna smaointeoireachta anailíseacha a chur chun cinn, amhail réiteach fadhbanna, réasúnú, agus cinnteoireacht. Tugann foghlaim na heolaíochta sa tsraith shóisearach deiseanna don scoláire tógáil ar an méid a d'fhoghlaim sé in eolaíocht na bunscoile agus eolas iomasach a ghníomhachtú chun réitigh a cheapadh, a fhiosrú agus a bheachtú chun fadhbanna a réiteach. Ní i dtólamh a thiocfaidh an toradh a rabhtas ag súil leis de bharr na hiarrachta seo, ach is féidir leis sin, ar a sheal, bheith ina fhócas le haghaidh foghlaim níos doimhne agus cabhrú leis an scoláire tuiscint ar riosca a fhorbairt agus a aithint gur féidir triail a bhaint as cuir chuige dhifriúla. Agus an scoláire ag forbairt a chuid scileanna iniúchta, spreagfar é le fianaise eolaíoch a scrúdú óna chuid turgnamh féin agus conclúidí inchosanta a bhaint astu bunaithe ar an bhfianaise iarbhír. Trína chuid fianaise agus sonraí eolaíochta féin agus fianaise agus sonraí eolaíochta daoine eile a athbhreithniú agus a mheasúnú, foghlaiméoidh sé chun srianta agus feabhsuithe a shainithint ina chuid iniúchtaí. Cuirfidh an cur chuige comhoibríoch sin le hinspreagadh an scoláire, cruthóidh sé deiseanna chun obair a dhéanamh i ngrúpaí agus chun príomhscileanna na sraithe sóisearaí a fhorbairt.

Is dícheall comhoibríoch cruthaitheach daonna í an eolaíocht a eascraíonn as ár mian an domhan thart orainn agus an chruinne níos fairsinge a thuiscint. Go bunúsach is fiosracht í i ngníomh smaointeach agus réamhbheartaithe. Cabhraíonn foghlaim na heolaíochta tríd an bhfiosrú leis an scoláire níos mó

ceisteanna a chur, agus míniúcháin ar imeachtaí agus ar fheiniméin a dtagann sé trasna orthu a fhorbairt agus a mheasúnú.

Forbhreathnú ar an measúnú do Staidéar Gnó

<p>MRB1</p>	<p>Iniúchadh Turgnamhach Sínte (3 seachtaine)</p> <p>Ceapfaidh an scoláire hipitéis eolaíochta, tabharfaidh sé faoi iniúchadh eolaíochta a phleanáil agus a dhéanamh chun a hipitéis a thástáil, déanfaidh sé sonraí príomhúla a cheapadh agus a anailísiú, agus déanfaidh sé machnamh ar an bpróiseas le tacaíocht/treoir an mhúinteora.</p>
<p>MRB2</p>	<p>Iniúchadh Eolaíochta sa tSochaí (3 seachtaine)</p> <p>Déanfaidh an scoláire taighde ar shaincheist shocheolaíoch, déanfaidh sé anailís ar an bhfaisnéis/ar na sonraí tánaisteacha a bhailítear, agus déanfaidh sé measúnú ar na héilimh agus ar na tuairimí a ndearna sé staidéar orthu agus bainfidh sé conclúidí fianaise-bhunaithe as an méid a bhíonn i gceist, le tacaíocht/treoir an mhúinteora.</p>
<p>An Tasc Measúnaithe</p>	<p>Is í CNCM a shonraíonn an Tasc Measúnaithe agus bainfidh sé leis na torthaí foghlama a mbeidh an dara Measúnú Rangbhunaithe bunaithe orthu.</p>
<p>An Scrúdú Deiridh</p>	<p>Iarrfar ar an scoláire dul i ngleic le hábhar spreagtha, a thaispeáint go dtuigeann sé é, agus freagraí scríofa a thabhairt ina thaobh. D'fhéadfadh ábhar agus leagan amach an scrúdaithe deiridh athrú ó bhliain go bliain. I mbliain áirithe ar bith, is éard a bheidh sna torthaí foghlama atá le measúnú sampla de na torthaí ó tháblaí na dtorthaí foghlama.</p>

<https://www.curriculumonline.ie/getmedia/7c78e4a8-1cda-4f7f-b68f-30b8e047c055/Specification-for-Junior-Cycle-Science-GA-pdf.pdf>

